Tá an IAA ANSP fós aitheanta ag an tionscal aerlíne mar cheann de na soláthraithe bainistíochta aerthráchta is dírithe ar chustaiméirí ar domhan. Is aerlínte den chuid is mó iad ár gcustaiméirí atá lonnaithe san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus sa Mheánoirthear agus áirítear leo aerlínte paisinéirí leagáide, iompróirí ar chostas íseal, aerlínte réigiúnacha agus iompróirí lasta. Cuidíonn ár gclár cúram custaiméirí linn tuiscint a fháil ar riachtanais agus ionchais oibríochta ár gcustaiméirí, ionas gur féidir linn an teicneolaíocht agus na nósanna imeachta is gá a chur i bhfeidhm chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh na seirbhíse den scoth a éilíonn siad. Cuidíonn sé freisin lenár n - oibleagáidí comhairliúcháin le custaiméirí a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2017/373.

Ag deireadh 2022, d'fhostaigh an IAA ANSP sainchomhairleoireacht neamhspleách atá lonnaithe sa Bhruiséil chun suirbhé ar líne a dhéanamh ar thuairimí ár gcustaiméirí ar an IAA ANSP agus ar na seirbhísí a sholáthraímid. Léiríonn réamhthorthaí an tsuirbhé, i gcás na gcustaiméirí sin a d'fhreagair, gur bronnadh rátáil sástachta fhoriomlán 89% ar an IAA ANSP agus go raibh

na teachtaireachtaí bunúsacha faoi shábháilteacht, seachadadh seirbhíse, ár bhfeidhmíocht chomhshaoil agus ár gcumarsáid le custaiméirí an - dearfach.

### Aireon ALERT

Seoladh é i mí Iúil 2019, leanann an Rianú Aimsithe agus Freagartha Éigeandála Aerárthaí Aireon (ALERT) a bhuaigh duaiseanna ag soláthar sonraí suímh aerárthaí éigeandála saor in aisce d'oibreoirí cuardaigh agus tarrthála na hEorpa (sar) ar fud na hEorpa. Baineann Aireon ALERT úsáid as sonraí uathchraolta faireachais spleách spásbhunaithe Aireon (ADS-B) agus tá sé á fheidhmiú ag an IAA ANSP ag ár n-ionad cumarsáide san Atlantach Thuaidh i mBaile Uí Gheirín, Co. an Chláir.

### Comhpháirtíocht Oceanic Gateway

Is comhoibriú é an Comhpháirtíocht Oceanic Gateway (OGP) idir IAA ANSP agus ANSPanna na Ríochta Aontaithe (NATS) agus Ceanada (NAV CANADA) a fhéachann le coincheap gnó agus oibríochta níos comhtháite a bhunú d'aerspás an Atlantaigh Thuaidh. D'aontaigh na ANSPanna go soláthróidh imirce ó mhúnla oibríochta an lae inniu i dtreo coincheap níos comhtháite, i dtimpeallacht ina bhfuil fás fadtéarmach tráchta, seirbhís gan uaim, costéifeachtach agus athléimneach a mbeidh taithí ag ár gcustaiméirí aerlíne uirthi, feidhmíocht sábháilteachta leanúnach nó fheabhsaithe agus deiseanna feabhsaithe feidhmíochta comhshaoil optamaithe. Tá gealltanais tugtha ag Príomhfeidhmeannaigh an ANSP faoi seach staidéar tosaigh féidearthachta agus roghanna OGP a chríochnú a thosaigh in 2022, agus tá sé beartaithe é a chríochnú níos déanaí i mbliana.

Cinnfidh an staidéar na scálaí ama, na tairbhí agus na torthaí a theastaíonn chun sochair sábháilteachta, comhshaoil agus éifeachtúlachta inbhuanaithe agus inseachadta a fhorbairt d'ar gcostaiméirí agus d'ar bpáirtithe leasmhara.

## Gnóthaí Idirnáisiúnta

### CANSO

Lean an IAA ANSP ar aghaidh mar bhall tiomanta agus gníomhach de CANSO (Eagraíocht na Seirbhísí Aerloingseoireachta Sibhialta) in 2022. Aithnítear CANSO mar ghuth domhanda na soláthraithe seirbhíse bainistíochta aerthráchta agus soláthraíonn sé seirbhís thábhachtach chun iarracht a dhéanamh tuairimí ANSPanna a ailíniú ar leibhéal Eorpach agus domhanda, ag cinntiú go bhfuil guth ag príomhghníomhaithe oibríochta i múnú beartas atá ag teacht chun cinn. Bhí IAA ANSP ina chathaoirleach ar Ghrúpa Feidhmíochta agus Airgeadais CANSO na hEorpa in 2021 agus tugadh é seo ar láimh d'ionadaí de chuid Chomhaontas Borealis in 2022, a lean ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar leasanna IAA ANSP chomh maith leis an gComhaontas Borealis níos leithne.

### Comhaontas Borealis

Tá an IAA ina bhall de Chomhaontas Borealis lena n-áirítear ANSPanna na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na hÍoslainne, na hÉireann, na Laitvia, na hIorua, na Sualainne agus na Ríochta Aontaithe. Cuireann an chomhaontas ar chumas a chomhaltaí ANSP feidhmíocht níos fearr a thiomáint do pháirtithe leasmhara trí chomhoibriú gnó. Cuireann an Chomhaontas seirbhísí aerthráchta ar fáil le haghaidh 3.8 milliún eitilt in aghaidh na bliana, thar 12.5 milliún km de aerspás Thuaisceart na hEorpa agus is í príomhghéata trasatlantach na hEorpa í. Tá Comhaontas Borealis i gceannas ar thionscnamh ceannródaíoch faoi láthair chun limistéar gan uaim d'aerspás bealaigh saor in aisce a sholáthar ar fud an aerspáis iomláin atá á bhainistiú ag a chomhaltaí. Tá cur chun feidhme an chláir seo ag na céimeanna deiridh agus tá sé ag dul chun cinn go sásúil. In 2022, rinne Comhaontas Borealis a 10 mbliana a cheiliúradh agus d'athdhearbhaigh an Bord a fhís chun comhar agus comhoibriú breise a neartú i measc a chomhaltaí.

### Athchóiriú SES

Bhí dóchas athnuaithe ann d'athchóiriú an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SES) le linn 2022 faoi Uachtaránacht na Seice agus rinne IAA ANSP iarracht é sin a chur chun cinn gach deis. Agus an bhliain ag druidim chun deiridh, thug Éire, mar bhallstát, tacaíocht don athchóiriú atá ag dul chun cinn áit a bhfuil aird anois ar dhírú ar an gcomhad ag Uachtaránacht na Sualainne sa chéad leath de 2023.

### Athbhreithniú Airgeadais

Chuir an IAA feidhmíocht dhearfach airgeadais ar fáil in 2022 leis an nGrúpa ag tuairisciú brabús oibriúcháin de €15.1 milliún agus brabús tar éis cánach de €9.8 milliún. Mhéadaigh láimhdeachas an ghrúpa ó €162.3 milliún go €207.5 milliún rud a léiríonn an t-éileamh méadaithe ar

aerthráchta a d'fhág go raibh bainistíocht aerthráchta agus seirbhísí cumarsáide gutha ardmhíochta á soláthar ag an IAA do 85% níos mó aerthráchta ar an meán ná mar a bhí in 2021.

Tar éis beagnach dhá bhliain de shrianadh costais, mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID ar thionscal na heitlíochta, cuireadh costais oibriúcháin an Ghrúpa ar ais go leibhéal réamh-phaindéime. Áirítear le caiteachas iarbhir €192.4 milliún costais aonuaire €13.9 milliún, is é sin muirir i leith in-aisghabhálaacht díbhinní infhaighte agus soláthar bearnúcháin i gcoinne sócmhainne i suiteálacha atá ar siúl.

Mhéadaigh glansócmhainní an Ghrúpa €106.5 milliún go €366.9 milliún tar éis feabhsú suntasach ar luacháil scéimeanna pinsin sochair shainithe na Cuideachta.

Ba iad seo a leanas príomhphointí airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa:

	2022 '000s	2021 '000s
<b>Gníomhaíocht tráchta</b>		
Aonaid seirbhíse ar an mbealach	<b>4,233</b> <b>+75.0%</b>	2,419 +21.8%
Aonaid seirbhíse críochfoirt	<b>170</b> <b>+127.9%</b>	75 +6.0%
Cumarsáid an Atlantaigh Thuaidh (eitiltí billeáilte)	<b>457</b> <b>+73.8%</b>	263 +24.4%
<b>Brabúsacht agus Clár Comhardaithe</b>		
Láimhdeachas	<b>207.5</b>	162.3
Brabús oibriúcháin	<b>15.1</b>	7.1
Brabús roimh cháin	<b>12.0</b>	11.4
Brabús iarchánach	<b>9.8</b>	9.5
Airgead tirim agus taiscí	<b>143.9</b>	133.5
Glansócmhainní	<b>366.9</b>	260.4

### Láimhdeachas

Gintear láimhdeachas an Ghrúpa, go príomha, ó sholáthar seirbhísí aerthráchta in aerspás faoi rialú na hÉireann agus ó sheirbhísí cumarsáide gutha ardmhíochta a sholáthraítear leath bealaigh trasna an Atlantaigh Thuaidh. In 2022, b'ionann na seirbhísí sin agus 87% den láimhdeachas iomlán. B'ionann táillí agus muirir rialála sábháilteachta agus 11% den láimhdeachas iomlán agus b'ionann ioncam tráchtála agus ioncam eile agus an t-iarmhéid. Méadaigh an láimhdeachas 27.9% go €207.5 milliún in 2022, suas ó €162.3 milliún in 2021.

Gintear ioncam ar an mbealach ó aerárthaí nach dtagann i dtír in Éirinn de ghnáth. Déantar beagnach 90% de na heitiltí idir an Eoraip agus na Stáit Aontaithe a bhainistiú in aerspás faoi rialú na hÉireann. In 2022, b'ionann ioncam ar an mbealach agus €129.8 milliún, suas ó €104.7 milliún in 2021. Tháinig méadú 75.0% ar aerthrácht, arna thomhas in aonaid seirbhíse. Tá táillí na hÉireann ar an mbealach i measc na gceann is ísle san Eoraip.



Tháinig méadú 45.8% ar ioncam ó chríochfóirt go €28.9 milliún. Cuirtear seirbhísí rialaithe aerthrátha ar fáil d'aerárthaí a thuirlingíonn agus a thógann ag aerfoirt an Stáit, Corcaigh, Baile Átha Cliath agus an tSionainn. In 2022, tháinig méadú 127.9% ar aonaid seirbhíse teirminéil le linn 2021.

B'ionann ioncam cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh agus €20.6 milliún in 2022, méadú 73.8% ar 2021. Soláthraíonn an IAA seirbhís cumarsáide gutha ardmhinicíochta suas le leathbhealach trasna an Atlantaigh Thuaidh. Ba é an lá ba ghnóthaí sa bhliain an 16 Meán Fómhair nuair a bhí 1,623 eitilít á mbainistiú ag ár bhfoireann.

Tháinig méadú 6.8% go €22.6 milliún ar ioncam ó rialáil sábháilteachta, a chuimsíonn táillí agus muirir ar dheimhniú aeracmhainneachta aerárthaí, clárúcháin aerárthaí, ceadúnais agus scrúduithe pearsanra, táillí slándála eitlíochta, táillí aeradróim, ceaduithe oibreora, táillí agus sainchomhairliúcháin a bhaineann le EASA. Tá na táillí a ghearrann rialtóir sábháilteachta an IAA leagtha amach in Ordú Údarás Eitlíochta na hÉireann (Táillí) 2015 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Slándáil Eitlíochta Sibhialta) (Leasú) 2019 (IR 632 de 2019). B'ionann na táillí is inchurtha i leith rialáil IAA ANSP agus €5.3 milliún (2021: €4.3 milliún).

Cuimsíonn ioncam tráchtála agus ioncam eile seirbhísí oiliúna a sholáthraíonn an IAA go Pointe Iontrála Thuaisceart Éireann DAC de €3.4 milliún den chuid is mó (2021: €2.7 milliún).

### Costais Oibriúcháin

Tháinig méadú €37.2 milliún nó 24.0% ar chostais oibriúcháin chomhdhlúite go €192.4 milliún in 2022.

Mar fhreagairt ar COVID-19, cuireadh bearta srianta costas éagsúla i bhfeidhm in 2020 agus 2021 lena n-áirítear gearradh pá bandáilte d'fhostaithe, reo ar earcaíocht agus cealú, laghdú agus/nó iarchur caiteachais neamhriachtanach. De réir mar a mhéadaigh leibhéal tráchta, athbhunaíodh pá go déanach in 2021, atosáigh ranganna rialaitheoirí mac léinn in 2022 agus mhéadaigh costais go ginearálta mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe, brúnna boilscithe, níos mó bonneagair, córais agus trealaimh atá inchurtha i leith an túir nua ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus soláthar seirbhísí aerthrátha ar an rúidbhealach Thuaidh. In 2022, tháinig méadú €13.2 milliún ar chostais foirne thar 2021. San áireamh i speansais oibriúcháin tá €4.7 milliún a bhaineann le soláthar chun sócmhainn a lagú i suiteálacha atá ar siúl. Tháinig méadú €10.2 milliún ar fhorálacha drochfhíochais, go príomha mar gheall ar éiginnteacht maidir le huainiú socraíochta díbhinní ó infheistíochtaí.

### Brabúsacht

Ba é €12.0 milliún brabús an ghrúpa roimh cháin do 2022 i gcomparáid le €11.4 milliún in 2021 agus áiríodh leis athluacháil anuas ar shócmhainn airgeadais an Ghrúpa de €3.6 milliún (2021: €1.3 milliún). B'ionann an brabús i ndiaidh cánach agus €9.8 milliún i gcomparáid le €9.5 milliún in 2021.

### Pinsean

Thaifead an Grúpa sócmhainn phinsin de €44.3 milliún, feabhas suntasach ar dhliteanas sochair shainithe na bliana roimhe sin de €63.4 milliún. Mhéadaigh an ráta lascaine ó 1.4% amhail an 31 Nollaig 2021 go 4.1% ag deireadh 2022. Cé gur thit luach na sócmhainní pinsin go géar sa bhliain mar thoradh ar imní chúlú eacnamaíochta agus méaduithe ar an ráta úis, bhí an titim seo níos mó ná fritháirithe ag an laghdú ar dhliteanas phinsin.

### Sreabhadh Airgid agus Saoráidí Bainc

In 2022, ghin an Grúpa airgead tirim ó oibríochtaí dar luach €22.1 milliún i gcomparáid le hairgead tirim dar luach €23.7 milliún a úsáideadh in 2021. Is éard a bhí in airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta caiteachas caipitil de €11.1 milliún (2021: €11.8 milliún). I rith na bliana, rinne an Grúpa infheistíocht ina chórais rialaithe aerthrátha, i bhfeistiú ar rúidbhealaigh Thuaidh ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus in ionad áiseanna loingseoireachta. Tá clár suntasach infheistíochta caipitil beartaithe do na blianta amach romhainn. Bhí cúlchistí airgid €143.9 milliún ag an nGrúpa ag deireadh na bliana i gcomparáid le €133.5 milliún ag deireadh 2021. Tá geallta ag an nGrúpa saoráidí iasachta €60 milliún a fháil. Níor tarraingíodh na saoráidí sin ar an 31 Nollaig. Leanfaidh an Grúpa dá leachtacht a bhainistiú.

### Rialachán Eacnamaíoch

Rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) agus an Coimisiún Eorpach aerspás Eorpach aonair gníomhaíochtaí ar bhealach, críochfóirt agus díolmhaithe an IAA. Tá táillí ar sheirbhísí ar an mbealach agus ar sheirbhísí teirminéil leagtha amach i bPlean Feidhmíochta an Stáit don tríú tréimhse tagartha 2020 - 2024 (ar a dtugtar RP3). Tá na muirir comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta éifeachtúlachta costais a shocraíonn an AE agus a ghlacann ballstáit an AE. Glacadh leis an bplean seo i mBealtaine 2022 tar éis próiseas comhairliúcháin agus athbhreithnithe fairsing ina raibh na príomhpháirtithe leasmhara páirteach agus tar éis cheadú an AE. In aon bhliain, déantar foráil do dhifríochtaí a eascraíonn idir ioncam iarbhrí agus ioncam ionchais i gcuntas ioncaim fabhráithe/iarchurtha agus déantar iad a choigeartú in aghaidh ioncaim a eascraíonn as gníomhaíochtaí ar an mbealach agus ag an gcríochfóirt amach anseo.

### An IAA a dheighilt

Mar gheall ar an IAA a bheith scartha ina dhá eintiteas dhlíthiúla, aistreofar na sócmhainní agus na dliteanas a theastaíonn chun gnó rialaithe aerthrátha an IAA a oibriú chuig cuideachta nua leathstáit tráchtála, Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann atá ag trádáil mar AirNav Ireland. Déanfar an gnó a aistriú trí dháileadh ó chúlchistí IAA de bhun an Achta Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022. Tá an scaradh beartaithe do dheireadh mhí Aibreáin 2023.





## Acmhainní Daonna

### Tuarascáil ar an mBearnna Phá Idir Na hInscní 2022

Thug an tAcht um Fhaisnéis maidir leis an mBearnna Pá idir na hInscní 2021 an bonn reachtach le haghaidh tuairisciú ar an mbearna pá idir na hinscní isteach in Éirinn. D'fhoilsigh an IAA a Thuarascáil maidir leis an mBearnna Pá idir na hInscní, atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag [www.iaa.ie](http://www.iaa.ie), ar 9 Nollaig 2022. Soláthraíonn an tuarascáil sonraí staitistiúla ar rátaí pá in aghaidh na huair in aghaidh na hinscne thar roinnt catagóirí sa Chuideachta. Is é 21% an meánbhearna pá idir na hinscní agus 36% an meánbhearna pá.

Tá ár bhfórsa saothair comhdhéanta den chuid is mó de rialaitheoirí aerthráchta, innealtóirí, oifigigh raidió, cigirí aeracmhainneachta agus oibríochtaí eitilte, ar ról oibríochta túslíne iad ar fad. Tá céatadán na mbanfhostaithe atá fostaite inár ról oibríochtúla líne tosaigh fós íseal, rud nach bhfuil uathúil i gcomparáid lenár n - eagraíochtaí comparáide ar fud na hEorpa. Seo an áit a bhfuil an bhearna pá inscne is suntasaí. Is é ár dtosaíocht rannpháirtíocht na mban a mhéadú agus ár mbearna pá idir na hinscní a laghdú agus, chuige sin, táimid ag gabháil do roinnt tionscnamh chun tacú leis an gcuspóir seo. Go ginearálta, féachfaidh an IAA le rannpháirtíocht na mban a mhéadú ar fud gach leibhéal inár n-eagraíocht agus na deiseanna forbartha riachtanacha a sholáthar do gach fostaí chun go n-éireoidh leo a lánacmhainneacht a bhaint amach.

### Mná sa Cheannaireacht

Aithníonn ár Straitéis Bainistíochta Tallainne an riachtanas chun príomhscileanna a aithint agus a choinneáil trí fhoireann a bhainistiú agus a fhorbairt. Ba iad Institiúid

Bainistíochta na hÉireann agus an 30% Club a dhear 'Ag dul i gCeannas – Mná sa Cheannaireacht'; feachtas domhanda le tacaíocht ó cheannairí sinsearacha atá tiomanta do chothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach ag leibhéal cheannaireachta ar fud eagraíochtaí. Chuir grúpa comhghleacaithe mná tús leis an gclár i mí Mheán Fómhair agus bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach.

### Clár Oiliúna agus Forbartha Bainistíochta

Aithnítear sa Straitéis AD 2021 – 2025 an ceanglas chun bainistíocht tallainne a fhorbairt trí oiliúint agus, mar thaca leis an gceanglas seo, thug an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna clár oiliúna agus forbartha bainistíochta saincheaptha isteach in 2022. Forbraíodh an clár oiliúna chun aiseolas ónár mbainisteoirí a chur san áireamh i dtéarmaí modúl ba chóir a bheith mar chuid den chlár.

### Earcaíocht

Bhí an fhoireann fós dúshlánach in 2022, agus mar thoradh air sin, bhí gníomhaíocht earcaíochta thar a bheith gnóthach. Chuir roinnt iarrthóirí rathúla tús le hoiliúint mar rialaitheoirí aerthráchta, innealtóirí, oifigigh raidió aerloingseoireachta agus cúntóirí sonraí níos airde. Bhí fadhbanna ag baint le dúshláin chóiríochta agus, in ainneoin cúnamh ón gCuideachta, mar thoradh air sin ní raibh roinnt iarrthóirí in ann oiliúint a thosú nó dul i mbun fostaíochta leis an IAA ANSP in 2022.

### Sláinte agus Sábháilteacht

Fuair an IAA dhá dhámhachtain sláinte agus sábháilteachta ceirde ag dámhachtain na hEagraíochta Náisiúnta um Shábháilteacht Tionscail (NISO) 2022 sna catagóirí 'Gradam Seirbhíse Poiblí is Fearr' agus 'Gradam

Ard - Ghnóthachtála Comhsheasmhach <sup>1</sup>. Tugann an ócáid bhliantúil aitheantas do shármhaitheas i sláinte agus sábháilteacht cheirde ar fud eagraíochtaí, idir bheag agus mhór, in Éirinn. Fuair an Chuideachta dámhachtainí NISO go rialta a aithníonn ár gcur chuige rathúil agus comhsheasmhach maidir le cleachtais shábháilte san ionad oibre a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú.

### Bainistíocht Pinsin

Chríochnaigh plean pinsin sochair shainithe na Cuideachta, atá ina ábhar do thogra maoinithe go dtí deireadh 2024, an bhliain le barrachas €58 milliún de bhreis ar a hoibleagáidí reachtúla. Leanann an plean, atá dúnta d'iontrálaithe nua, ag laghdú riosca agus laghdaíodh an leithdháileadh ar shócmhainní fáis ó 82% in 2011 go 35% faoi láthair.

Téann gach iontrálaí nua sa Chuideachta isteach i bplean pinsin hibrideach a chuimsíonn socrú sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe. Is é €61,694 an uasteorainn sochair shainithe faoi láthair. Cuireadh tús arís le hathbhreithniú ar an bplean pinsin hibrideach in 2022, faoi chathaoirleacht an chomhairleora neamhspleách an tUasal Kieran Mulvey. Tá an t-athbhreithniú ag smaoineamh freisin ar ábhar na méaduithe ar phinsiní lena n-áirítear scéim ranníocaíochta sainithe a thabhairt isteach d'iontrálaithe nua.

### Folláine Fostaithe

Chuir an Chuideachta roinnt tionscnamh folláine fostaithe i bhfeidhm in 2022 mar chuid dár gClár Folláine Fostaithe 2022. Soláthraíonn an clár, a choinnigh an marc creidiúnaithe IBEC KeepWell, raon seimneár ar líne ar ábhair a bhaineann le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach. Ina theannta sin, soláthraíonn ár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) rochtain d'fhostaithe agus do bhaill teaghlaigh ar raon tacaíochtaí, lena n-áirítear strus a bhainistiú, comhairle airgeadais agus seirbhísí comhairleoireachta. Tá ár seirbhís do chustaiméirí ar fáil 24/7/365.

Tá grúpa rannpháirtíochta fostaithe bunaithe againn freisin chun comhairle a thabhairt don bhainistíocht maidir le tionscnaimh folláine amach anseo do 2023. Rinne an grúpa seo roinnt moltaí atá á mbreithniú go gníomhach. Bhunaigh an Chuideachta grúpa rannpháirtíochta fostaithe freisin chun breathnú ar thionchar an mheanapáis san ionad oibre agus tá moltaí déanta ag an ngrúpa seo freisin atá á n-athbhreithniú go gníomhach. Ag féachaint go 2023, ceann de phríomhghnéithe ár gclár folláine is ea aip folláine idirghníomhach a thabhairt isteach a thabharfaidh rochtain dár bhfostaithe ar raon tionscnamh folláine, ag athrú an chaoi a dtéann ár bhfostaithe i ngleic le gníomhaíochtaí, ranganna agus seimneáir sláinte meabhrach agus fhisiciúla.

### Dualgas Seirbhíse Phoiblí

Deimhníonn ár Straitéis Acmhainní Daonna 2021 – 2025 ár dtiomantas leanúnach do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Mar eagraíocht, leanaimid orainn ag iarraidh timpeallacht a chruthú ina bhfuil ár bhfostaithe go léir in ann rathú, meas a bheith orthu agus deis a bheith acu páirt a ghlacadh agus cur le gníomhaíochtaí na

Cuideachta ionas gur féidir leo a lánacmhainneacht a bhaint amach. Aithnímid ár n-oibleagáid reachtúil Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá an Chuideachta tiomanta do thimpeallacht a sholáthar dár bhfoireann go léir a chuireann ionad oibre chun cinn saor ó chiapadh agus idirdhealú, ag imscrúdú, nuair is cuí, gach gearán agus ag soláthar treorach, oiliúna agus na n-acmhainní riachtanacha.

Rinneamar athbhreithniú agus nuashonrú ar ár mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsitheachta in 2022 chun an dea-chleachtas a léiriú. Léiríonn ár gcleachtais earcaíochta tiomantas na Cuideachta don chomhionannas go hiomlán. Ardaítear feasacht freisin trí oiliúint agus trínar gclár ionduchtaithe, lena n-áirítear trí fheasacht claonta neamhfhiosrach ar líne a sholáthar dár bhfoireann go léir agus oiliúint éigeantach dár mbainisteoirí ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

Tá dualgas orainn faoin Acht um Míchumas, 2005, tuairisc a thabhairt gach bliain ar líon agus céatadán na bhfostaithe faoi mhíchumas. Rinneadh é seo a mheas den chéad uair i Ráithe 1 2022 trí shuirbhé gan ainm ar bhaill foirne sa phost a úsáid ag deireadh mhí na Nollag 2021. Léirigh torthaí an tsuirbhé gur thuairiscigh 5.2% dár bhfostaithe míchumas mar a shainmhínítear faoin Acht. Tá ár suirbhé do 2022 críochnaithe.

### Inbhuanaitheacht

Leagtar amach inár bplean uailmhianach bainistithe inbhuanaitheachta cúig bliana, a seoladh in 2021, roinnt cuspóirí agus gníomhaíochtaí do na cúig bliana 2020 – 2025, ag tógáil ar na cleachtais éifeachtúlachta fuinnimh agus comhshaoil atá bunaithe cheana féin san IAA. Chuimsíonn plean bainistíochta inbhuanaitheachta an IAA infheistíochtaí i ngléasra agus i dtrealamh atá tiosach ar fhuinneamh, ag scrúdú roghanna le haghaidh infheistíochta i gcumhacht gaoithe nó gréine, tionscnaimh bhithéagsúlachta, laghduithe ar dhramhaíl agus fritháireamh carbóin taistil IAA. Chuimsíonn sé freisin an uailmhian deiridh maidir le glanstadas neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi dheireadh 2025, cuspóir dúshlánach ach indéanta. Tacaíonn an IAA go hiomlán le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 an rialtais agus bhí sé ina shínteoir le feachtas 'Laghú ar Úsáid' an Rialtais i ngeimhreadh 2022. Cuireadh roinnt gníomhartha i bhfeidhm, lena n-áirítear dúnadh foirgneamh, chun a chinntiú go raibh ról ag an gCuideachta maidir le hídú fuinnimh foriomlán na tíre a laghdú.

Mar phríomhchuspóir straitéiseach in 2022, athbhéimníodh an inbhuanaitheacht ar leibhéal an Bhoird mar phríomhthosaíocht don IAA agus cuireadh monatóireacht agus tuairiscí rialta i bhfeidhm. Mar Chuideachta táimid tiomanta ár gcuid a dhéanamh chun tionchar ár ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaoil agus ar ídiú fuinnimh a íoslaghdú. Tá sé mar aidhm againn a bheith inár gcuideachta atá freagrach as an gcomhshaoil trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú inár ngníomhaíochtaí laethúla, lena n-áirítear beartais, próisis agus comhaontuithe ábhartha.



Bhí an IAA ANSP i gcónaí ar an eolas faoi thábhacht na heitlíochta inbhuanaithe. Bhíomar ar thús cadhnaíochta maidir le tionscnaimh a sheachadadh amhail aerspás bealaigh saor in aisce (FRA) i réigiún faisnéise eiltile na Sionainne agus Point Merge ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Seachadann na tionscnaimh seo CO2 agus coigilteas breosla d'aerlínte chomh maith le sochair chomhshaoil don tsochaí. Táimid fós gníomhach i gComhaontas Borealis de naoi ANSP a chuireann forbairt aerspáis bealaigh saor in aisce chun cinn ar fud réigiún Borealis agus forbairt bainistíochta aerspáis atá feasach ar an gcomhshaoil.

Le linn 2022, bhí roinnt príomhéachtaí inbhuanaitheachta ag an IAA. Rinneamar teagmháil leis an Iontaobhas Dúlra chun crainn a phlandáil chun ár CO2 a bhaineann le taisteal eitlíochta gnó a fhritháireamh. Thacaíomar freisin le himéachtaí inbhuanaithe faoi stiúir na foirne lena n-áirítear

glanadh trá agus foireann inbhuanaitheachta oibríochta a bhunú. Tá roinnt tionscadal aitheanta ag an bhfoireann a chabhróid lenár n-astaíochtaí carbóin a laghdú.

## Freagracht shóisialta chorporáideach

In 2022, bhronn an IAA ar roinnt cúiseanna carthanachta faoi stiúir na foirne. Leagadh béim ar thionscnaimh folláine foirne agus meabhairshláinte de réir mar a tugadh faoi deara éifeacht leanúnach na paidéime ar mheánma na sochaí. Reáchtáladh roinnt seimineár gréasáin agus tionscnaimh mheabhairshláinte eile agus leagadh béim ar infhaighteacht sheirbhísí tacaíochta fostaithe IAA i rith na bliana. Tugadh rochtain d'fhostaithe ar raon seimineár folláine bheo agus ar ranganna giomnásiam digiteach beo i rith na bliana.



Stiúrthóirí agus faisnéis eile	29
Tuarascáil na stiúrthóirí	30
Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i dtaca le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais	37
Tuarascáil an iniúcháora neamhspleách do chomhaltaí Údarás Eitlíochta na hÉireann	38
Cuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais	40
Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile	41
Clár comhardaithe comhdhlúite	42
Clár comhardaithe na cuideachta	43
Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gothromas	44
Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gothromas	45
Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid	46
Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais	47



# Tuarascáil na stiúrthóirí agus ráitis airgeadais chomhdhlúite

## Stiúrthóirí agus faisnéis eile

<b>Stiúrthóirí</b>	Rose Hynes, Uasal ( <i>Cathaoirleach</i> ) An tUasal Cian Blackwell An tUasal Ernie Donnelly An tUasal Declan Fitzpatrick An tUasal Peter Kearney ( <i>Príomhfheidhmeannach</i> ) An tUasal Gerry Lumsden Joan McGrath, Uasal Eimer O'Rourke, Uasal
<b>Rúnaí</b>	Aideen Gahan, Uasal
<b>Oifig chláraithe</b>	Foirgneamh Times 11-12 Sráid D'Olier Baile Átha Cliath 2, D02 T449 Teil: +353 1 671 8655 Facs: +353 1 679 2934 Suíomh gréasáin: <a href="http://www.iaa.ie">www.iaa.ie</a>
<b>Iniúcháir</b>	Deloitte Ireland LLP Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil Teach Deloitte agus Touche 29 Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2, D02 AY28
<b>Baincéirí</b>	Bainc-Aontas Éireann cpt BNP Paribas
<b>Uimhir chláraithe</b>	211082



## Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil mar aon le ráitis airgeadais iniúchta chomhdhlúite agus cuideachta de chuid Údarás Eitlíochta na hÉireann (“an IAA” “an Chuideachta”) agus a foghnóthas (tugtar “an Grúpa” ar an gCuideachta agus an foghnóthas le chéile) i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

### Príomhghníomhaíochtaí, rioscaí agus neamhchinnteachtaí, torthaí airgeadais agus díbhinní

Tá an IAA tiomanta do sheirbhísí aerloingseoireachta agus rialála atá sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh chostas de agus a chomhlíonann riachtanais a chustaiméirí a sholáthar ar bhonn tráchtála fóna. Áirítear i Ráiteas an Chathaoirleach agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh an fhaisnéis a éilítear faoi Alt 327 d’Acht na gCuideachtaí 2014, i.e. Athbhreithniú ar ghnó na Cuideachta.

Tá fíis an IAA, bheith ina sholathraí seirbhísí aerloingseoireachta ar thús cadhnaíochta sa domhan agus an rialtóir sábháilte eitlíochta shibhialta is fearr, bunaithe ar shé phríomhréimse toraidh – rialáil sábháilteachta, sábháilteacht bainistíochta aerthráchta, slándáil, sármhaitheas seirbhíse, airgeadas agus caidreamh le páirtithe leasmhara agus custaiméirí – agus spreagann na réimsí seo cuspóirí an IAA chun cinn ina obair laethúil. I measc na bpríomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí is mó a bhféadfaidh cumas drochthionchar is suntasaí a bheith acu ar an IAA, tá:

- teip ar mhaoirseacht rialála nó rialúcháin aerthráchta a bhfuil timpiste thromchúiseach san aer nó ar an talamh mar thoradh uirthi
- spleáchas suntasach ar fheidhmíocht agus ar sheasmhacht chumarsáid, aerloingseoireachta, fhaireachais agus infreastruchtúir sonraí eitilte
- an córas rialála Eorpach agus a thionchar ar chumas an IAA a spriocanna feidhmíochta a bhaint amach
- drochdhálaí geilleagracha eacnamaíochta agus geopholaitiúla a mbíonn tionchar acu ar ghnó an IAA, lena n-áirítear srianta taistil chun paindeimí a rialú
- deighilt na feidhmeanna rialúcháin sábháilteachta agus soláthair seirbhíse
- slándáil shocmhainní an IAA.

Déantar rioscaí agus éiginnteachtaí a mheas ar bhonn leanúnach agus tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus le rioscaí eile atá os comhair an IAA. Sa chuid sin den tuarascáil seo a bhaineann le rialachas corparáideach, ar leathanaigh 30 go 35, leagtar amach beartais agus cuir chuige an IAA i leith rioscaí, mar aon le nósanna imeachta agus freagrachtaí gaolmhara a bhaineann le rialú inmheánach.

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an IAA don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite ar leathanach 40 agus sna nótaí gaolmhara. Mar a thuairiscítear ansin, bhain sé amach brabús tar éis cánach de €9.8 milliún don bhliain airgeadais (2021: €9.5 milliún) ar lámhdeachas €207.5 milliún (2021: €162.3 milliún). I rith na bliana, mhol an Bord, tar éis na héiginnteachtaí leanúnacha i ngnó an IAA a bhreithniú, nár cheart don Chuideachta díbhinn a dhearbhu

don bhliain fhioscach 2021 (2021: €40,500 (€0.0023 in aghaidh na scaire) don bhliain fhioscach 2020).

### Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na stiúrthóirí reatha leagtha amach ar leathanach 29. Ach amháin sna cásanna a leagtar amach thíos, rinne gach duine acu bliain iomlán ar an mBord. Chuaigh téarma oifige Marie Bradley in éag an 24 Meitheamh 2022. Síneadh téarma oifige an Uasail Ernie Donnelly ar feadh bliana ón 6 Deireadh Fómhair 2022. Ceapadh an tUasal Declan Fitzpatrick ar an mBord an 19 Deireadh Fómhair 2022. D’éirigh an tUasal Diarmuid Ó Conghaile as an mBord ar an 31 Deireadh Fómhair 2022. Chuaigh téarmaí oifige an tUasal Cian Blackwell, an tUasal Gerry Lumsden, Joan McGrath Uasal agus Eimer O’Rourke Uasal in éag agus athcheapadh iad ar an mBord an 3 Nollaig 2022. Ar an 2 Márta 2023, ceapadh Rose Hynes Uasal chun leanúint ar aghaidh mar Chathaoirleach ar an IAA ar feadh téarma cúig bliana.

### Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ag tús na bliana, ní raibh leasanna ar bith i scaireanna an IAA ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2022 nó ar dháta a gceapachán (mas déanaí é), nó ag deireadh na bliana.

### Rialachas Corparáideach

#### Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais corparáidigh a choinneáil. Maidir leis an mBliain ata faoi athbhreithniú, rinne an IAA, an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint i mí Lúnasa 2016 a chomhlíonadh. Tá bearta iomchuí curtha i bhfeidhm ag an IAA chun an Cód seo a chomhlíonadh agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú.

### Ról an Bhoird

Tá an Bord freagrach as an IAA a bhainistiú i gceart. Is é a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus coinníonn sé rialú iomlán agus éifeachtach. Ag an am céanna, tugann sé solúbthacht leordhóthanach don Phríomhfheidhmeannach, an Rialtóir Eitlíochta agus don fhoireann bhainistíochta sinsearaí chun an gnó a réachtáil ar bhealach éifeachtúil éifeachtach laistigh de chreat struchtúrtha tuairiscithe. Mar ullmhúchán do dheighilt feidhmeanna rialúcháin sábháilteachta agus soláthair seirbhíse an IAA, leag bord na stiúrthóirí freagracht iomlán an Rannáin um Rialúcháin Sábháilteachta an IAA ar an Rialtóir Eitlíochta le héifeacht ó 1 Eanáir 2021.

Tá ábhar áirithe fhorchoimeáda ag an mBord dona athbhreithniú, sábháilteacht agus maoirseacht slándála; faomhadh ráitis airgeadais bhliantúil agus leathbhliantúil; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bainistíochta; conarthaí suntasacha; caiteachas caipitil suntasach agus ceapacháin sinsearaí bainistíochta san áireamh. I rith na bliana, bhreithnigh an Bord tuairiscí agus rinne sé cinntí faoi scaradh beartaithe na Cuideachta ina dhá aonán dhlíthiúla. Bhí saincheisteanna a bhain le pleanáil do dhá eagraíocht ar leith fós á scrúdú ag na coistí boird cuí.

## Ceapacháin chun an Bhoird

Tá ochtar stiúrthóirí ar an mBord. Is é an tAire Iompair a cheapann na stiúrthóirí uile. Tá an comhdhéanamh inscne roinnte idir 62.5% fir agus 37.5% mná. Fanann na stiúrthóirí in oifig ar feadh cibé tréimhse a shonraíonn an tAire agus an ceapachán a dhéanamh aige. Fanann siad in oifig ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre bliana, ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tAire iad a athcheapadh ina dhiaidh sin.

### Dáta ceapacháin (\*nó athcheapachán)

Rose Hynes, <i>Cathaoirleach</i>	2 Márta 2023*
Cian Blackwell	3 Nollaig 2022*
Ernie Donnelly	6 Deireadh Fómhair 2022*
Declan Fitzpatrick†	19 Deireadh Fómhair 2022
Peter Kearney, <i>Príomhfheidhmeannach</i>	25 Meitheamh 2022*
Gerry Lumsden	3 Nollaig 2022*
Joan McGrath	3 Nollaig 2022*
Eimer O'Rourke	3 Nollaig 2022*

† *Síníodh an tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 2022 ina dhlí an 7 Nollaig 2022 lena ndéantar foráil maidir leis an IAA a scaradh ina dhá aonán dhlíthiúla. An 20 Feabhra 2023, ceapadh an tUasal Declan Fitzpatrick mar Rialtóir Eitlíochta/Príomhfheidhmeannach an IAA. Beidh éifeacht ag an gceapachán ar scaradh na n-eintiteas, a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh deireadh leis i mí Aibreáin 2023.*

Nuair a cheaptar iad, glacann stiúrthóirí nua páirt i gcúrsa ionduchtaithe, áit a bhfaigheann iad faisnéis airgeadais agus faisnéis eile maidir leis an IAA agus faoin ról atá ag an mBord agus ag coistí an bhoird. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas seo de ghnáth ná cruinnithe leis na príomhfheidhmeannaigh shinsearacha.

## Éifeachtúlacht an Bhoird

Gníomhaíonn an Bord chun leas na Cuideachta leis an ard mar is cúir ar a fhreagrachtaí agus na haidhmeanna leagtha amach ag an scairshealbhóir. Stiúran an Cathaoirleach an Bord maidir lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Cinneann an Cathaoirleach clár oibre an bhoird, rud a chinntíonn a éifeachtúlacht, agus éascaíonn sé rannchuidiú éifeachtach na stiúrthóirí uile. Baintear leas as scileanna, as saineolas agus as taithí sonracha an bhoird trí na tacair scileanna sin a mheaitseáil le breithniú an bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibriúcháin, ionas gur féidir le comhaltaí boird aonair a n-inniúlachtaí sonracha a chur ar fáil. Déantar iad a mheaitseáil freisin le ceanglais gach coiste boird agus úsáidtear iad chun cinneadh a dhéanamh maidir le ballraíocht na gcoistí sin.

Coinníonn an Cathaoirleach agus an lucht bainistíochta córas cumarsáide éifeachtaigh le scairshealbhóirí. Is ról ar leith iad ról an chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá siad leagtha amach i mbeartas atá faofa ag an mBord. Tá gach duine de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an mbainistíocht. Is é cleachtas an bhoird teacht le chéile gan comhaltaí boird feidhmiúcháin ann.

I rith a dtréimhse oifige, tugtar faisnéis rialta do na stiúrthóirí maidir le gach gné den ghnó. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach agus an an Rialtóir Eitlíochta don Bhord, thar ceann na bainistíochta, ar mhóthrúithe sa ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach a bhfuil tionchar acu ar rioscaí suntasacha. Tugann an Stiúrthóir Airgeadais

faisnéis airgeadais don Bhord ar bhonn míosúil, lena n-áirítear anailís ar fheidhmíocht airgeadais iarbhir i gcomparáid leis an buiséad. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir go tráthúil ar an mBord agus ar a choistí.

D'fhaomh an Bord cód iompair don bhord agus d'fhostaithe an IAA agus tá an cód sin ar fail ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Tá beartas maidir le coimhlint leasa curtha i bhfeidhm ag an mBord agus déanann sé breithniú ar choimhlintí leasa iarmhír agus féideartha ar bhonn leanúnach.

## Rochtain ar chomhairle ghairmiúil

Tá rochtain ag comhaltaí den bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na cuideachta atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an bhoird agus go gcloítear le rialacha agus le rialacháin is infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla an IAA ar fáil chun comhairle a chur ar na stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, más gá, ar chostas an IAA.

## Measúnacht Feidhmíochta

Rinne an Bord athbheithniú deireadh bliana ar a fheidhmíocht, rud a rinne an Bord a mheas i gcoinne a chuid cuspóirí straitéiseacha don bhliain. Ní dhearna an Bord measúnú seachtrach ar a fheidhmíocht.

## Coistí Boird

Tá struchtúr éifeachtach ag an mBord chun cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Is iad seo a leanann coistí an Bhoird:

- 1 An coiste iniúcháireachta agus riosca
- 2 An coiste airgeadais
- 3 An coiste acmhainní daonna agus luacha saothair

## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

- 4 An coiste pleanála infheistíochta
- 5 An coiste maoirseachta sábháltachta agus slándála.

### An coiste iniúchóireachta agus riosca

Oibríonn an coiste iniúchóireachta agus riosca faoi théarmaí tagartha foirmiúla ar a ndearnadh athbhreithniú le linn na bliana. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste i rith 2022 (2021: ceithre chruinniú). Bhí Marie Bradley Uasal ina cathaoirleach ar an gcoiste suas go dtí dáta a scoir ar an 24 Meitheamh 2022. Ceapadh an tUasal Cian Blackwell mar Chathaoirleach an 25 Meitheamh 2022 tar éis dó a bheith athcheaptha ar an gcoiste ar an 24 Márta 2021. Athcheapadh Eimer O'Rourke ar 24 Márta 2021 agus ceapadh Joan McGrath Uasal ar 25 Meitheamh 2022.

Ceaptar baill an choiste iniúchóireachta agus riosca ar feadh téarma ar leith. Bhí téarmaí ag an triúr ball den choiste a mhair go dtí 31 Márta 2023. Tá síneadh ama curtha leis an téarma sin anois go dtí 30 Aibreán 2023. Sula gceaptar iad, cuireann Cathaoirleach an Bhoird a dtaithí, a gcáilíochtaí agus a leasanna san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu iad a mholadh mar bhaill an choiste. Chinntigh an Bord, eatarthu féin, go bhfuil taithí ag baill an choiste ar rialachas, iniúchadh inmheánach, timpeallacht na hearnála poiblí agus tionscal na heitlíochta, taithí ábhartha airgeadais le déanaí agus taithí ar mheasúnú riosca agus réimsí teicniúla/speisialtóireachta.

De ghnáth, freastalaíonn, trí chuireadh de réir mar is gá, an stiúrthóir airgeadais, ceann na hiniúchóireachta inmheánaí agus ionadaithe ó aonaid éagsúla IAA mar: oibríochtaí, rialachán sábháilteachta, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise ar chruinnithe. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don choiste iniúchóireachta agus riosca.

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar eile a bhaineann le gnóthaí an IAA, seachas ábhair shábháilteachta agus shlándála a fhorchoimeádtar don bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúcháir inmheánaigh, ar na beartais chuntasaíochta, ar athruithe beartaithe ar bheartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta, ar na himpleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra agus ar cheapadh agus ar tháill an iniúcháir sheachtraigh. Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an IAA agus déanann sé breithniú ar na nithe seo a leanas:

- acmhainní agus comhordú na ndaoine sin a bhfuil baint acu le saináthint, le measúnú agus le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha atá roimh an IAA
- an chaoi a dhéileáiltear leis na rioscaí suntasacha arna saináthint ag an mbainistíocht agus ag daoine eile
- an mhonatóireacht a dhéantar ar na tuarascálacha na bainistíochta
- timpeallacht rialaithe atá dírithe ar rioscaí a bhainistiú i gceart a choinneáil ar bun
- nósanna imeachta tuairiscithe bliantúla.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gcoiste chun iniúchadh bliantúil an Ghrúpa a phleanáil agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí nuair a bheidh an

t-iniúchadh curtha i gcrích. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm a chinntíonn caidreamh cuí leis an iniúchóir seachtrach. Le linn na bliana, bhuail an coiste go príobháideach leis an iniúchóir seachtrach, gan an bhainistíocht a bheith i láthair. Déanann an coiste iniúchóireachta agus riosca breithniú ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha ar bhonn bliantúil agus tá beartas glactha aige a rialaíonn na seirbhísí neamhniúchta arna gcur ar fáil ag an iniúchóir seachtrach. Leis an mbeartas seo, déantar breithniú ar chineál agus ar raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus ar na táillí a thuilltear le haghaidh oibre iniúchóireachta agus neamhniúchóireachta. Tá na táillí seo leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais. Níor tháinig aon saincheist chun cinn i rith na bliana.

Le linn na bliana, rinne an coiste iniúchóireachta agus riosca meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin. Tuairiscíonn an coiste don Bhord ar bhonn bliantúil agus ar bhonn ráithiúil, nó níos minice nuair a bhíonn gá leis sin.

Le linn 2022, rinne an coiste iniúchóireachta agus riosca na nithe seo a leanas:

- athbhreithniú ar dhréachtráitis airgeadais bhliantúla airgeadais agus ar na cuntais rialaithe sular mhol sé iad lena bhfaomhadh ag an mBord
- macnamh a dhéanamh ar thuarascáil ón iniúchóir seachtrach ar a iniúchadh ar na ráitis airgeadais bhliantúla
- monatóireacht a dhéanamh ar tháillí iniúchóireachta agus táillí neamh-iniúchóireachta atá iníochta leis an iniúchóir seachtrach
- fuarthas agus breithníodh ar thuarascálacha ar nósanna imeachta bainistíochta riosca maidir le réamh-athstruchtúrú agus iar-athstruchtúrú IAA
- athbhreithniú ar an clár riosca corparáideach 2022-2023 lena n-áirítear na príomhrioscaí don ghnó agus breithniú ar leordhóthanacht an chórais um aithint agus bainistiú riosca agus é a mholadh don Bhord
- tuarascálacha ón iniúchóir inmheánach ar éifeacht na rialaithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus na bpróisis bainistíochta riosca a athbhreithniú agus a phlé
- athbhreithniú ar an obair ar thug an Roinn Iniúchta Inmheánach faoi le linn na bliana agus d'aontaigh plean iniúchóireachta inmheánaigh don bhliain 2023
- measúnú éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh
- tograí a mheas maidir le feidhmeanna iniúchta inmheánaigh a sheachadadh sa dá eintiteas i ndiaidh athstruchtúrú an IAA le béim ar chumhdach riosca iomlán a chinntiú le linn na céime aistriú
- athbhreithniú ar agus comhaontú plean iniúchta seachtraigh do 2022 lena n-áirítear raon feidhme an iniúchta
- athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta míosúla
- fuair eadh agus macnamh déantna faoi thuarascálacha agus léirithe ag bainistíocht IAA faoi phróisis ábhartha rialú inmheánach

- athbhreithniú ar an bheartas agus an phróiseas atá i bhfeidhm maidir le ráiteas comhlíonta na stiúrthóirí
- athbhreithniú ar chomhlíonadh le Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- tionchar na riachtanas noхта reatha agus amach anseo a mheas
- athbhreithniú ar théarmaí tagartha an choiste féin.

### An coiste airgeadais

Oibríonn an coiste airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile dhá uair le linn na bliana (*uair amháin: 2019*). Ba é Cian Blackwell a bhí ina chathaoirleach ar an gcoiste. Is iad Rose Hynes agus Peter Kearney comhaltaí an choiste. Bhí an tUasal Diarmuid Ó Conghaile ina bhall den Choiste suas go dtí dáta a éirí as oifig ar an 31 Deireadh Fómhair 2022.

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le bainistíocht airgeadais san IAA. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin, agus, mar is gá, ar an mbeartas cistíochta, ar shocruithe árachais agus airgeadais. Tuairiscíonn an coiste don bhord i ndiaidh a chruinnithe.

### An coiste acmhainní daonna agus luacha saothair

Oibríonn an coiste acmhainní daonna agus luacha saothair faoi théarmaí tagartha. Tháinig sé le chéile dhá uair le linn na bliana (*2021: dhá uair*). Bhí Rose Hynes ina Cathaoirleach ar an gcoiste. Is comhaltaí den choiste iad Joan McGrath agus Eimer O'Rourke.

Is ról an choiste é breithniú a dhéanamh ar luach saothair an Príomhfheidhmeannaigh i gcomhtheacs an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ar

bheartas luacha saothair na bainistíochta sinsearaí go ginearálta agus ar fhorbairtí acmhainní daonna san IAA. Tá baint ag an gcoiste le ceapacháin don bhainistíocht sinsearach freisin. Tugtar cuireadh do saineoláí neamhspléach freastal ar na cruinnithe le cabhrú leis an gcoiste. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh a chruinnithe.

### An coiste pleanála infheistíochta

Feidhmíonn an coiste pleanála infheistíochta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile sé huair le linn na bliana (*2021: ocht n-uair*). Is í Joan McGrath cathaoirleach an choiste. Is comhaltaí den choiste iad Ernie Donnelly agus Gerry Lumsden. Déanann an coiste breithniú ar straitéis an IAA maidir le hinfheistíocht chaipitil agus caiteachas gaolmhar. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh a chruinnithe.

### An coiste maoirseachta sábhaltachta agus slándála

Feidhmíonn an coiste maoirseachta agus slándála faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile sé huair le linn na bliana (*2021: naoi n-uair*). Is Gerry Lumsden cathaoirleach atá mar chathaoirleach ar an coiste. Is comhaltaí den choiste iad Ernie Donnelly, Peter Kearney agus Diarmuid Ó Conghaile, go dtí an dáta gur éirigh sé as. Ceapadh Cian Blackwell agus Joan McGrath ar an gcoiste ar Lúnasa 2022. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh a chruinnithe.

### Cruinnithe Boird agus coiste ar a bhfreastalaíodh

Reáchtáiltear cruinnithe boird ar bhonn rialta i rith na bliana. Tháinig an Bord le chéile 7 nuair in 2022. D'fhreastail na comhaltaí ar na cruinnithe sin agus cruinnithe coiste mar seo a leanas:

### Cruinnithe boird ar a bhfreastalaíodh/ Uaslíon na gcrúinnithe boird ar a bhféadfaidh freastal

Stiúrthóir	Bord	Iníúcháireacht agus Riosca	Airgeadais	Acmhainní Daonna agus Luacha Saothair	Pleanáil Infheistíocht	Maoirseacht Sábhailteacht agus Slándáil
Rose Hynes	7/7		2/2	2/2		
Cian Blackwell	7/7	4/4	2/2			4/4
Marie Bradley	4/4	2/2				
Ernie Donnelly	7/7				6/6	2/2
Declan Fitzpatrick	1/1					
Peter Kearney	7/7		2/2			2/2
Gerry Lumsden	7/7				5/6	6/6
Joan McGrath	7/7	2/2		2/2	6/6	3/4
Diarmuid Ó Conghaile	6/6					2/2
Eimer O'Rourke	7/7	4/4		1/2		

### Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach ar deireadh thiar as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le sócmhainní a chosaint agus taifead cuntasáíochta iomchuí agus faisnéis iontaofa airgeadais a chothabháil lena n-úsáid laistigh den ghnó nó le haghaidh a bhfoilseachán agus comhlíontacht le dlíthe agus rialacháin iomchuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun an riosca a bhaineann le cuspoirí gnó a bhaint amach a bhainistiú, seachas é a chosc, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt i leith míráiteas nó cailleanas ábhartha. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, cibé acu go díreach nó tríd an gcoiste iniúcháireachta agus riosca, ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a chuimsíonn rialuithe airgeadais, oibríúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca. Rinneadh an t-athbhreithniú seo ar an 4 Aibreán 2023 agus baineann éifeacht leis suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

Tá creat rialaithe inmheánach láidir ag an IAA lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- coistí boird a bhfuil téarmaí tagartha atá sainithe go soiléir acu
- sceideal saincheisteanna atá forchoimeáda don Bhord
- cód iompair, arna fhaomhadh ag an mBord, a thugann treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad
- struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir a bhfuil deighilt iomchuí dualgas agus teorainneacha údaráis aige
- freagrachtaí atá sainithe go soiléir agus foireann atá cáilithe go hiomchuí chun na dualgais seo a chomhlíonadh
- creat bainistíochta riosca corparáideach
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitiúil
- gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Poiblí a chomhlíonadh, de réir mar is cuí
- córas cuimsitheach tuairiscithe maidir le hairgeadas, cuntasáíocht, bainistíocht chisteáin agus measúnú tionscadail
- córais chuimsitheacha bhuiséadaithe agus buiséid bhliantúla arna bhfaomhadh ag an mBord
- próiseas pleanála cuimsitheach a sholáthraíonn plean corparáide cúig bliana arna athbhreithniú ag an scairshealbhoir agus arna fhaomhadh ag an mBord
- monatóireacht ar fheidhmíocht iarbhir i gcomparáid le buiséid agus tuairisciú don bhord ar bhonn míosúil maidir le héagsúlachtaí
- feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar príomhchórais agus príomhrialuithe airgeadais agus ar oibríochtaí ginearálta agus déanann sé moltaí de réir mar is cuí

- coiste iniúcháireachta agus riosca a fhaomhann pleananna iniúchta agus a dhéileáilann le saincheisteanna rialaithe suntasacha a eascraíonn ó iniúchadh inmheánach nó seachtrach agus a dhéanann athbhreithniú agus moltaí do ráitis airgeadais deireadh na bliana lena bhfaomhadh ag an mBord
- beartas chun maoirsiú a dhéanamh ar fhochuideachta atá ar lán-úinéireacht ag an IAA
- beartais agus nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí calaoiseacha amhrasacha a thuairisciú agus a réiteach.

Rinneadh iniúchadh inmheánach na rialuithe seo a athbhreithniú i rith na bliana mar chuid dá chlár oibre bliantúil. Tuairiscíonn iniúchadh inmheánach go díreach don choiste iniúcháireachta agus riosca maidir le oibríú rialuithe inmheánacha, seachas ar rialuithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeáda don bhord, agus déanann sé moltaí le haghaidh feabhsuithe, más cuí.

I mí na Nollag 2020, mar ullmhúchán don reachtaíocht chun na seirbhísí aerloingseoireachta a scaradh ó rialáil sábháilteachta, agus ag cur treoracha ón Aire Iompair san áireamh, d'eagraigh an Bord na feidhmeanna bainistíochta ionas gur bhain an Príomhfheidhmeannach na seirbhísí aerloingseoireachta amach agus gur ghlac an Rialtóir Eitlíochta/POF ainmnithe freagracht, ón 1 Eanáir 2021, as an rannán rialála sábháilteachta agus as an gclár athstruchtúraithe. Lean an socrú seo ar aghaidh faoin Rialtóir Eitlíochta eatramhach.

Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas ann chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú agus go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm agus gur fheidhmigh na córais sin go héifeachtach in 2022 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais. Níor aithníodh laigí nó calaoisí le linn chúrsa an athbhreithnithe ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

### Bainistíocht Riosca

Tá freagracht iomlán ar a mBord as cur chuige an Ghrúpa i leith riosca. Ceadáíonn sé an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtúlacht tríd an gcoiste iniúcháireachta agus riosca agus go díreach tríd an mBord. Tá próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha ata ag bagairt ar IAA a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann an Bord an próiseas seo a athbhreithniú go rialta agus bhí sé i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí dáta formheasa na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha gnó a aithint agus a mheas agus as rialuithe inmheánacha oiriúnacha a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo ar bhonn leanúnach. Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don bhord ar na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó agus ar an gcaoi a ndéantar na rioscaí a bhainistiú.

Déanann an t-iniúchadh inmheánach an próiseas bainistíochta riosca a éascú, rud a sholáthraíonn méid áirithe dearbhaithe maidir le hoibríocht agus bailíocht an chórais rialaithe inmheánaigh. Déantar monatóireacht



neamhspleách ar ghníomhartha ceartaitheacha pleanáilte d'fhonn iad a chur i gcrích go tráthúil.

Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don choiste iniúcháireachta agus riosca maidir lena hathbhreithniú ar rioscaí, agus conas a dhéantar iad a bhainistiú. Tá sé mar ról ag an gcoiste sin athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an bhoird, ar na príomhrioscaí, seachas maoirseacht sábháilteachta agus slándála, a bhaineann leis an ngnó agus ar an gcóras rialaithe a theastaíonn chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déanann an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta um aithint riosca agus ar phróisis rialaithe atá curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht, agus tuairiscíonn sé don choiste iniúcháireachta agus riosca ar bhonn ráithiúil. Déanann an coiste iniúcháireachta agus riosca athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhairthe lena chinntiú go mbaintear úsáid as meascán cuí teicnící chun an leibhéal dearbhairthe a theastaíonn ón mBord a bhaint amach. Cuireann an coiste iniúcháireachta agus riosca a thorthaí faoi bhráid an bhoird ar bhonn bliantúil agus go ráithiúil nó níos minice más gá sin.

### Luach Saothair Stiúrthóirí

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe a chinntídh luach saothair stiúrthóirí. D'fhaomh tAire Iompair luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, a bhfuil conradh seirbhíse aige, agus cuireadh an bord stiúrthóirí ar an eolas faoi. Leagtar amach i nóta 6 na nochtuithe a rinneadh sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le táillí stiúrthóirí agus luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus nochtuithe iad atá ag teastáil faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus an Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

### Tuairisciú gnó agus airgeadais

Aithníonn an bord go bhfuil sé freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa ag deireadh na bliana. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Aire Iompair ar bhonn rialta maidir le gach forbairt, idir fhorbairt oibríochtúil, airgeadais agus tráchtála, a dhéanann difear don IAA.

Déantar foráil i gCód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú d'fhaisnéis airgeadais shonrach a nochtadh. Luaitear an fhaisnéis seo go réasúnta ar gach slí ábhartha. I 2022, cuireadh costais taistil agus cothabhála de €1.6 milliún de mhúirear ar an cuntas brabúis agus cailiteanais, roinnte idir costais taistil intíre agus cothabhála de €0.7 milliún agus costais taistil idirnáisiúnta agus cothabhála de €0.9 milliún. Cuireadh iomlán de €0.3 milliún i gcostais leasa foirne, agus costais fáilteachais de mhúirear ar an cuntas brabúis agus cailiteanais. Cuireadh iomlán de €1.2 milliún i gcostais comhairliúcháin de mhúirear ar an cuntas brabúis agus cailiteanais. Bhain €0.6 milliún le clár um athchóiriú ar rialáil córas eitlíochta IAA, deighilt a feidhmeanna rialachán sábháilteachta ó sholáthar seirbhíse bainistíochta aerthráchta. Ar na costais sin áiríodh tionchair dlí, pinsin, cuntasaochta, cánachais, bainistíocht tionscadail agus tionchar córais ar an athchóiriú struchtúrach a bhreithniú. €0.2 milliún a bhain le measúnú ar dheiseanna tráchtála, tabhaíodh €0.1 milliún i ndáil le comhairlí pinsean achtúireach agus comhairlí pinsean eile

agus €0.3 milliún a bhain le comhairlí theicniúla éagsúla níos lú, acmhainní daonna agus airgeadais. B'ionann na costais chomhairleoireachta a tabhaíodh agus a caipitlíodh i sócmhainní seasta inláimhsithe agus €0.3 milliún agus cuimsíodh pleanáil agus dearadh, cibearshlándaíl agus measúnuithe teicniúla eile iontu. Ar chostais chomhairleoireachta áirítear an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht a chuireann leis an gcinnteoireacht nó le ceapadh beartais agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'. B'ionann na costais a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí agus a gearradh ar an gcuntas brabúis agus cailiteanais agus €0.2 milliún. B'ionann na costais a bhain le cásanna dlí, a socraíodh agus a foráladh go hiomlán i mblianta roimhe seo agus €0.4 milliún. Ní raibh aon socraíochtaí dlí ann i rith na bliana.

### Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí, tar éis fiosrúcháin a dhéanamh ar dheighilt gnóthaí IAA fo dhá entitis dlíthiúil a phlé, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun dul ar aghaidh sa todhchaí is intuartha agus lena dliteanais leanúnach a chomhlíonadh mar atá siad dlite ar feadh tréimhse 12 mí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo, agus mar sin, go bhfuil sé cuí leanúint de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Déantar níos mó plé ar mheasúnacht an ghnóthais leanúnaigh i Nóta 1 de na ráitis airgeadais.

### Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go gcomhlíonann siad ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil saineolas iomchuí acu a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta an Ghrúpa i bhFoircneamh Times, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

### Faisnéis iniúchta ábhartha

Creideann na stiúrthóirí gur ghlac siad gach beart is gá chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus dhearbhaigh siad go bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Chomh fada agus a bhfuil a fhios acu, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas fúithi.

### Ráiteas comhlíonta na Stiúrthóirí

Aithníonn na stiúrthóirí, de réir alt 225 (2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Cuideachta oibleagáidí áirithe a shonraítear san alt sin a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí 2014 agus dlíthe cánach ['oibleagáidí ábhartha']. Deimhníonn na stiúrthóirí:

- go bhfuiltear tar éis ráiteas beartais comhlíonta a cheapadh ina leagtar amach beartais na Cuideachta maidir leis an gcomhlíonadh sin;

## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

- go bhfuiltear tar éis socrúithe agus struchtúir iomchuí curtha i bhfeidhm atá, ina dtuairim, ceaptha chun comhlíonadh ábhartha le hoibleagáidí iomchuí de chuid na Cuideachta a chinntiú; agus
- go ndearnadh athbhreithniú r na socrúithe agus na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana airgeadais chun comhlíonadh na Cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha a chinntiú.

### Íoc pras cuntas

Comhlíonann an IAA ceanglais na reachtaíochta um íoc pras cuntas. Cloíonn an IAA le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012).

Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa an IAA, mura bhfuil a mhalairt sainithe i socrúithe conartha ar leith, 30 lá ón lá a fhaightear an sonrasc nó dearbhú gur glacadh leis na hearraí nó leis na seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Le linn na bliana dar chíos an 31 Nollaig 2022 rinneadh gach íocaíocht, a bheag nó a mhór, laistigh den tréimhse iomchuí creidmheasa. Déanann an IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú le híoslághdú a dhéanamh ar an am a thógtar le sonraisc a fhiosrú agus a réiteach. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán.

### Teagmhais iarchláir chomhardaithe

An 4 Aibreán 2023, mhol an Bord go n-íocfaí díbhinn €5.3 milliún (€0.30 in aghaidh na scaire) (2021: €Nialas). Ní raibh aon teagmhais iarchláir chomhardaithe eile le héifeacht acu ar an Chuideachta ó 31 Nollaig 2022 a dteastaíodh go gcoigeartaí, nó go bhfoirseofar, na ráitis airgeadais.

### Sintiúis pholaitíochta

Níor thug an Grúpa aon sintiúis polaitíochta i rith na bliana a éileodh nochtadh faoin Acht Toghcháin, 1997.

### Iníúcháir

De réir Alt 383 [2] d'Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iníúcháir Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iníúchta Reachtúil ar aghaidh sa ról sin.

Thar ceann an bhoird:

**Rose Hynes**      **Peter Kearney**  
Cathaoirleach      Príomhfheidhmeannach

4 Aibreán 2023

## Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú, de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Éilítear faoi dhlí na gcuideachtaí go n-ullmhaíonn na stiúrthóirí ráitis airgeadais i ndáil le gach bliain airgeadais. Faoi dlí sin, roghnaigh siad na ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir *FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* mar a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad cinnte go dtugtar léargas cóir agus fíor iontu, ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar chaillteanas nó brabús an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chúí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha atá nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus Cuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chúí a choinneáil ina nochtar go measartha cruinn am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus ina gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu as aon bheart atá ar fáil go réasúnta dóibh a dhéanamh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais a chothabháil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta agus as an bhfaisnéis sin a chinntiú mar fhaisnéis iontaoifa. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann, lena rialaítear ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh, a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlísiní eile.

Thar ceann an bhoird:

**Rose Hynes**      **Peter Kearney**  
*Cathaoirleach*      *Príomhfheidhmeannach*

# Tuarascáil an iniúcháir neamhspleách do chomhaltaí Údarás Eitlíochta na hÉireann

## Tuairisc faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim faoi ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann ('an chuideachta')

Is é ár dtuairim maidir le ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta:

- tugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ag 31 Nollaig 2022 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain dar deireadh an dáta sin; agus
- ullmhaíodh iad go cuí de réir na creatlaí ábhartha tuairisceoireachta airgeadais agus, go háirithe, de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu:

ráitis airgeadais an ghrúpa:

- Cuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais;
- Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach;
- Clár comhardaithe comhdhlúite;
- Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas;
- Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 23, lena n-áirítear achoimriú polasaithe suntasacha cuntasáiochta faoi mar a leagtar amach i Nóta 1.

Ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- Clár comhardaithe;
- ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 23, lena n-áirítear achoimriú polasaithe suntasacha cuntasáiochta faoi mar a leagtar amach i Nóta 1.

Is í an chreatlach tuairisceoireachta airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 "An Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" ("an chreatlach ábhartha tuairisceoireachta airgeadais").

### An bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúcháireacht de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Éire) (CIanna na hÉireann) agus an dlí is infheidhme. Cuirtear síos ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid sin dár dtuairisc dar teideal "Freagrachtaí an Iniúcháir d'iniúchadh na ráiteas airgeadais".

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na riachtanas eiticíúil atá ábhartha d'ár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil a eisítear ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn imleor agus oiriúnach le bonn a sholáthar dár dtuairim.

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Ag iniúchadh na ráitis airgeadais, chinn muid go raibh úsáid bhonn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú iomchuí.

Bunaithe ar an obair a rinne muid, níor aithin muid aon neamhchinnreachtaí ábhartha a bhaineann le heachtraí nó le coinníollacha a bhféadfaigh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó ón dáta sin nuair a údaraítear na ráitis airgeadais le haghaidh eisiúna.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus freagrachtaí na stiúrthóirí i dtaca le gnóthas leantach sna míreanna cuí sa ráiteas seo.

## Eolas eile

Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis sin atá le fáil sa tuarascáil Stiúrthóra agus na ráitis airgeadais comhdhlúite, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisc ár n-iniúcháir fúthu. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile sa tuarascáil Stiúrthóra agus na ráitis airgeadais comhdhlúite. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile, agus seachas sa mhéid go ndearbhaítear sin go sonrach inár dtuairisc, ní chuirimid aon saghas tátail dearbhaithe in iúl faoi.

An fhreagracht atá againn ná an fhaisnéis eile a léamh, agus muid á dhéanamh sin, breithniú a dhéanamh faoi an bhfuil an fhaisnéis neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais ná leis an eolas sin a fuaireamar san iniúchadh, nó más amhlaidh gur míshonraíodh é go hábhartha ar shlí eile. Má aithnímid a leithéid de neamhchomhsheasmhachtaí ábhartha, nó míráitis dhealraitheacha ábhartha, tá iallach orainn cinneadh an ann do mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais, sin nó míráiteas ábhartha faoin eolas eile. Más é an tatal a bhainimid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíríteas ábhartha faoin eolas eile seo, tá iallach orainn an fhíríc sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn ina thaobh seo.

## Freagrachtaí na stiúrthóirí

Faoi mar a mhínítear ar shlí níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus go gclóíonn siad ar shlí eile le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus as a leithéid de rialú inmheánach is a chinneann na Stiúrthóirí go bhfuil gá leis chun ullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh caimiléireacht nó earráid i gceist leis sin.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar a bhaineann le feidhm, nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus ag úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta ach amháin má bhíonn sé i gceist ag na Stiúrthóirí an grúpa agus an máthairchuideachta a leachtú nó oibriúcháir a scor, nó mura bhfuil aon rogha réadúil fágtha acu seachas sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí an iniúcháir maidir le hiniúcháireacht na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspóirí cinnteacht réasúnta a fháil ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháir a eisiúint ina n-áirítear ár dtuairim. Tá ardleibhéal cinnteachta i gceist le cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú atá ann go ndéanfaidh an iniúcháireacht a déanadh de réir ISAs (na hÉireann) gach míshonrú ábhartha a aimsiú nuair is ann dá leithéid. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíoch a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas. Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais ar fáil ar láithreán gréasáin IAASA ag: <https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements>. Tá an cur síos seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúcháir.

## Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

### Tuairim faoi nithe eile a fhorordaítear ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe amháin ar an obair sin ar tugadh fúithi le linn an iniúchta, tuairiscimid an méid seo:

- Tá gach faisnéis agus míniú a cheapaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúcháireacht faighte againn.
- Inár dtuairim ba leor taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta chun ceadú go ndéanfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart.
- Réitíonn clár comhardaithe na máthairchuideachta leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim tá an t-eolas a thugtar i dtuairisc na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh tuairisc na Stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

## Ceisteanna ar a bhfuil orainn tuairisc a thabhairt orthu de réir eisceachta

Bunaithe ar eolas agus ar thuiscint an ghrúpa agus na máthairchuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithin muid míráitis ábhartha i dtuairisc na Stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014, a chuireann iachall orainn tuairisc a thabhairt daoibh más amhlaidh, inár dtuairim, nach ndéantar na faisnéisithe faoi luach saothair na Stiúrthóirí agus faoi na hidirbhearta sin a shonraítear ag an dlí.

Faoi Chód Cleachtas do Rialachas na gComhlachas Stáit (Lúnasa 2016) (an “Cód Cleachtas”), tá iachall orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas faoi chóras an rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtas atá mar chuid de Thuairisc na Stiúrthóirí comhlíonadh na Cuideachta alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtas nó mura réitíonn sé leis an bhfaisnéis sin atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le seo.

### Úsáid ár dtuairisc

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid bhaill na cuideachta amháin, mar chomhlachas, i gcomhréir le hAlt 391 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchta sa tslí gur féidir linn dearbhú do bhaill na cuideachta na nithe sin a bhfuil iallach orainn iad a dhearbú i dtuairisc iniúcháir, agus ní do chuspóir ar bith eile. Sa mhéid a cheadaítear ag an dlí, ní ghlacaimid le freagracht i leith aon duine eile seachas an cuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlachas, le haghaidh ár gcuid oibre iniúchta, don tuairisc seo, nó do na tuairimí sin a bhí againn.

### Daniel Murray

Le haghaidh agus ar son Deloitte Ireland LLP  
Cuntasóirí Cairte agus Cuideachta Iniúchta Reachtuil  
Teach Deloitte agus Touche, Ardán Phort an Iarla,  
Baile Átha Cliath 2

6 Aibreán 2023

*Nótaí: Ní thugann iniúchadh dearbhú maidir le cothabháil agus sláine an láithreáin ghréasáin, lena n-áirítear rialuithe a úsáidtear chun é seo a bhaint amach, agus go háirithe maidir le cé acu ar tharla aon athruithe ar na ráitis airgeadais ó foilsíodh den chéad uair iad. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na nithe seo ach ní féidir le haon nósanna imeachta rialaithe dearbhú iomlán a thabhairt sa réimse seo. Tá reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.*



## Cuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Notá	2022 €'000	2021 €'000
<b>Láimhdeachas</b> – gníomhaíochtaí leanúnacha	2	<b>207,517</b>	162,256
Caiteachas oibriúcháin		<b>(192,393)</b>	(155,186)
<b>Brabús oibriúcháin</b> – gníomhaíochtaí leanúnacha		<b>15,124</b>	7,070
Ioncam eile	3	-	5,355
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	4	<b>10,543</b>	9,224
Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	5	<b>(14,402)</b>	(10,602)
Sciar brabúis an chomhlaigh	9	<b>701</b>	332
<b>Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin</b>	6	<b>11,966</b>	11,379
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	<b>(2,184)</b>	(1,846)
<b>Brabús don bhliain airgeadais</b>		<b>9,782</b>	9,533

## Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	<i>Nóta</i>	<b>2022</b> <b>€'000</b>	2021 €'000
<b>Brabús don bhliain airgeadais</b>		<b>9,782</b>	9,533
<b>Gnóthachan cuimsitheach eile</b>			
Atomhas an ghlansócmhainn/ghlandlíteanais sochair shainithe	20	<b>106,055</b>	50,407
Dlíteanas chánach iarchurtha ghaolmhar	15	<b>(13,257)</b>	(6,301)
Airgead tirim de bhreis ar chostais seirbhíse pinsin	20	<b>2,439</b>	2,158
Difríocht airgeadraí eachtracha ar aistriú oibríochtaí eachtracha		<b>1,440</b>	1,610
<b>Gnóthachan cuimsitheach eile don bhliain</b>		<b>96,677</b>	47,874
<b>Iomlán an ghnóthachan chuimsithigh don bhliain</b>		<b>106,459</b>	57,407

# Clár comhardaithe comhdhlúite

## amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	8	106,019	112,610
Sócmhainní airgeadais	9	27,497	28,877
Sócmhainní phinsin	20	44,297	-
		<b>177,813</b>	141,487
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Féichiúnaithe			
– dlíte lastigh de bhliain amháin	10	49,107	30,269
– dlíte tar éis níos mó ná bliain amháin	10	92,484	111,985
Sochair ghearrthéarma	11	30,839	16,879
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	11	113,049	116,669
		<b>285,479</b>	275,802
<b>Creidiúnaithe:</b> méideanna atá dlíte laistigh de bhliain amháin	12	<b>(46,803)</b>	(39,442)
		<b>238,676</b>	236,360
<b>Glansócmhainní reatha</b>			
		<b>416,489</b>	377,847
<b>Creidiúnaithe:</b> méideanna atá dlíte tar éis breis agus bliain amháin	14	<b>(45,980)</b>	(50,650)
<b>Foráil do dhliteanais</b>			
Oibleagáidí sochair scoir	20	<b>(3,645)</b>	(66,792)
		<b>366,864</b>	260,405
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite	16	22,675	22,675
Cuntas brabúis agus cailiteanais		342,810	237,791
Cúlchiste airgeadra		1,379	(61)
		<b>366,864</b>	260,405

Thar ceann an bhoird:

**Rose Hynes**  
Cathaoirleach

**Peter Kearney**  
Príomhfheidhmeannach

# Clár comhardaithe na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	8	106,019	112,610
Sócmhainní airgeadais	9	11,995	15,218
Sócmhainní phinsin	20	44,297	-
		<b>162,311</b>	127,828
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Féichiúnaithe			
– dlite lastigh de bhliain amháin	10	61,257	40,494
– dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	10	92,484	103,407
Sochair ghearrthéarma		30,839	16,879
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		112,747	116,355
		<b>297,327</b>	277,135
<b>Creidiúnaithe:</b> méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	12	<b>(46,781)</b>	(39,422)
		<b>250,546</b>	237,713
<b>Glansócmhainní reatha</b>			
		<b>412,857</b>	365,541
<b>Creidiúnaithe:</b> méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin	14	<b>(45,980)</b>	(48,305)
<b>Foráil do dhliteanais</b>			
Oibleagáidí sochair scoir	20	(3,645)	(66,792)
		<b>363,232</b>	250,444
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite	16	22,675	22,675
Cuntas brabúis agus cailleanais		340,557	227,769
		<b>363,232</b>	250,444
<b>Cistí na scairshealbhóirí – caipiteal gnáthscaireanna</b>			

Thar ceann an bhoird:

**Rose Hynes**  
Cathaoirleach

**Peter Kearney**  
Príomhfheidhmeannach

## Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Scairchaipiteal glaoite €'000	Cuntas brabús agus caillteanais €'000	Cúlchistí airgeadra €'000	Cothromas iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	22,675	182,035	(1,671)	203,039
<b>Ioncam cuimsitheach</b>				
Caillteanas don bhliain airgeadais	-	9,533	-	9,533
Gnóthachan cuimsitheach eile	-	46,264	1,610	47,874
<b>Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain</b>	-	55,797	1,610	57,407
<b>Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas</b>				
Díbhinní	-	(41)	-	(41)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>22,675</b>	<b>237,791</b>	<b>(61)</b>	<b>260,405</b>
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	22,675	237,791	(61)	260,405
<b>Ioncam cuimsitheach</b>				
Brabús don bhliain airgeadais	-	9,782	-	9,782
Gnóthachan cuimsitheach eile	-	95,237	1,440	96,677
<b>Brabús cuimsitheach iomlán don bhliain</b>	-	105,019	1,440	106,459
<b>Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas</b>				
Díbhinní	-	-	-	-
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>22,675</b>	<b>342,810</b>	<b>1,379</b>	<b>366,864</b>



## Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Sairchaipiteal glaioite €'000	Cuntas brabúis agus cailteanais €'000	Cothromas iomlán €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	22,675	172,255	194,930
<b>Ioncam cuimsitheach</b>			
Brabús don bhliain airgeadais	-	9,291	9,291
Ioncam cuimsitheach eile	-	46,264	46,264
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain</b>	-	55,555	55,555
<b>Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas</b>			
Díbhinní	-	(41)	(41)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021</b>	<b>22,675</b>	<b>227,769</b>	<b>250,444</b>
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022	22,675	227,769	250,444
<b>Ioncam cuimsitheach</b>			
Brabús don bhliain airgeadais	-	17,551	17,551
Ioncam cuimsitheach eile	-	95,237	95,237
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain</b>	-	112,788	112,788
<b>Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas</b>			
Díbhinní	-	-	-
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>22,675</b>	<b>340,557</b>	<b>363,232</b>

## Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €'000	2021 €'000
<b>Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Brabús don bhliain airgeadais		9,782	9,533
<i>Coigeartú i leith:</i>			
Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe	8	12,226	10,673
Caillteanas bearnúcháin ar shócmhainní seasta inláimhsithe	8	4,702	-
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	4	(10,543)	(9,224)
Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	5	14,402	10,602
Sciar brabúis an chomhlaigh	9	(701)	(332)
Cánachas	7	2,184	1,846
		<b>32,052</b>	23,098
Méadú ar fhéichiúnaithe		(14,430)	(38,725)
Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe		7,454	(6,527)
		<b>25,076</b>	(22,154)
Cáin íoctha		(3,014)	(1,500)
		<b>Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	(23,654)
<b>Sreabhaidh airgid ginte/(úsáidte i) ghníomhaíochtaí infheistiúcháin</b>			
Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe		(11,054)	(11,775)
Sochair ghearrthearma		(13,960)	81,769
Ús infhaighte		102	46
		<b>Airgead glan a úsáideadh le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta</b>	70,040
<b>Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistiúcháin</b>			
Ús íoctha		(784)	(857)
Díbhinní íoctha	17	-	(41)
		<b>Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta</b>	(898)
<b>(Glanlaghdú)/Glanméadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid</b>			
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir		116,669	71,152
Éifeacht luaineacha sna rátaí malairte ar airgead arna shealbhú		14	29
		<b>Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig</b>	116,669
	11	<b>113,049</b>	

# Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais

## 1 Beartais Chuntasaíochta

### Eolas eile agus bonn ullmhúcháin

Cuideachta phríobháideach theoranta a bunaíodh faoi Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, ('an tAcht um IAA') agus atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014 is ea Údarás Eitlíochta na hÉireann ['IAA', 'an Chuideachta'].

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ("FRS 102"). Is é an Euro an t-airgeadra ina gcuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais don €1,000 is gaire.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an IAA, seachas nuair atá a mhalairt ráite. Pléitear i nóta 21, breithiúnais a thug na stiúrthóirí agus na beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm, ag a bhfuil tionchar suntasach ar na ráitis airgeadais agus ar mheastachán lena mbaineann riosca suntasach go ndéanfar coigeartú orthu sa bhliain ata le teacht.

Faoi Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá an Chuideachta díolmhaithe ón gceanglas chun a cuntas brabúis agus caillteanais féin a chur i láthair.

### Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais comhdhlúite ar bhunús gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dóthanacha ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta le leanúint ag feidhmiú don todhchaí intuartha agus gur féidir leis a dhliteanais leanúnacha a íoc nuair atá siad dlite ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta faofa na ráitis airgeadais.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid agus taiscí gearrthéarmacha €143.9 milliún (2021: €133.5 milliún) ag an nGrúpa agus rochtain ar shaoráid rótharraingthe €10.0 milliún. Tá rochtain ag an Chuideachta ar shaoráidí iasachta bairc tiomanta de €60.0 milliún agus tá €30.0 milliún de sin tiomanta do chúig bliana go lúil 2026 agus tá an €30.0 milliún eile tiomanta do lúil 2025 agus tá roghanna ann a mhairfidh ar feadh bliain eile le toiliú an iasachtóra. Bhí na saoráidí seo gan tarraingt ar an 31 Nollaig 2022. Tá feabhas tagtha ar an tírdhreach don Ghrúpa agus don Chuideachta ón mbliain seo caite agus go bhfuil réamh-mheastacháin ar mhéideanna tráchta níos airde in 2022 mar bhonn agus mar thaca ag cinneadh rialála faofa. Mar sin féin, tá dúshlán ann don ionchas gearrthéarmach lena n-áirítear ceanteidil mhaicreacnamaíochta i bhfoirm boilscithe ard agus praghsanna breosla níos airde chomh maith le rioscaí geopholaitiúla. Taispeánann réamhaisnéisí sreafa airgid an Ghrúpa gur chóir go mbeadh an Grúpa agus an Chuideachta in ann oibriú laistigh de leibhéal a leachtachta atá ar fáil go ceann i bhfad. Leanfaidh an bhainistíocht ag déanamh monatóireachta ar staid airgid an Ghrúpa in éineacht leis an bpróifíl tráchta.

De réir sin, le riachtanais airgid an Ghrúpa agus gnó na Cuideachta sa todhchaí, an timpeallacht eacnamaíoch le linn an 12 mhí a leanas, príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí roimh an nGrúpa agus an gCuideachta, buiséad oibre an Ghrúpa agus na Cuideachta agus an deighilt pleanáilte gnó an IAA go dhá entiteas dlíthiúl, creideann na stiúrthóirí go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta le leanúint ag feidhmiú ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus go bhfuil úsáid bhonn ghnóthais leantaigh le na ráitis airgeadais a n-ullmhú iomchu.

### Sárú lena ngabhadh léargas fíor agus cóir

Tá Éire ina páirtí i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta ar an mbealach a bhailiú. Tá comhaontú déthaobhach i bhfeidhm le EUROCONTROL chun muirir seirbhíse críochfoirt a bhailiú. Faoi Alt 47 den Acht IAA, comhlíonann an IAA feidhmeanna conaire agus críochfoirt thar ceann an Stáit. Déantar difríochtaí in ioncam a thuilltear agus costais rialaithe incháilithe a eascraíonn as riosca méid tráchta agus comhroinnt riosca costais a aisghabháil ó úsáideoirí seirbhísí loingseoireachta bealach agus críochfoirt nó a thabhairt ar ais dóibh, i gcomhréir le rialacháin bhunúsacha an AE, trí mhuirir a leasú sna blianta ina dhiaidh sin.

Sainmhínítear na costais atá le cur san áireamh chun críche an chomhaontaithe EUROCONTROL i bprionsabail EUROCONTROL maidir le muirearú agus i Rialacháin CE maidir le Muirearú ar bhealach a chuimsíonn íocaíochtaí airgid uile le cistí pinsin. Dá réir sin, chinn na Stiúrthóirí go bhfuil sé cuí gach íocaíocht airgid a dhéantar le ciste pinsin an IAA a chuimsiú i gcostais oibriúcháin a mhéad a sháraíonn siad an táille phinsin a chinntear de réir FRS 102 'Sochair Fostaithe', agus creidmheas fritháirimh a thuirisciú sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI"), ar mhaithe le léargas fírinneach cóir a thabhairt ar a ioncam cuimsitheach agus ar a shócmhainní, a dhliteanais agus a staid airgeadais. Tá tuilleadh sonraí faoi thionchar an chleachtais chuntasaíochta sin tugtha sa bheartas cuntasíochta sochair fostaithe ar leathanach 50.

## 1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### 1.1 Gnás tomhais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil seachas na hinfheistíochtaí i gcomhlaigh a chumhdaítear i gcomhréir le modh an chothromais sna ráitis airgeadais chomhdhlúite (ar chostas lúide bearnú i ráitis airgeadais na Cuideachtaí) agus déantar sócmhainní seasta airgeadais eile a thomhas ar luach cóir.

### 1.2 Bonn comhdhlúite

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachta, IAA North Atlantic Inc., atá 100% faoina úinéireacht, suas go dtí an 31 Nollaig 2022.

Is ionann fochuideachta agus eintiteas atá faoi smacht ag an ngnóthas sealbhaíochta. Áirítear torthaí an ghnóthais fochuideachta sa chuntas brabúis agus cailleanas comhdhlúite ón dáta a thosaíonn smacht go dtí an dáta a chríochnaíonn an smacht. Bunaítear smacht nuair atá cumhacht ag an gCuideachta chun beartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis a rialáil chun sochair a fháil óna ngníomhaíochtaí. Nuair atá smacht á mheas, déanann an Grúpa breithniú ar chearta vótála féideartha atá i bhfeidhm faoi láthair.

Is ionann comhlach agus eintiteas ar a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa ar bheartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis, ach gan aon smacht a bheith ag an nGrúpa ar an eintiteas sin. Glactar leis go bhfuil tionchar suntasach i gceist nuair atá idir 20% agus 50% cearta vótála cothromais ag an infheisteoir. Áirítear scair an Ghrúpa de bhrabús nó cailleanas na gcomhlach sa chuntas brabúis agus cailleanais comhdhlúite agus cláraítear leas an Ghrúpa ina ghlansócmhainní ar an gclár comhardaithe trí leas a bhaint as an modh cothromais.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, iompraíonn infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcomhlaigh ag costas lúide bearnú.

### 1.3 Láimhdeachas

Seasann láimhdeachas do na suimeanna a fuarthas, agus atá infhaighte, i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, in éineacht le táillí a fuarthas i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla a comhlíonadh nuair a bhíodhas i mbun ceanglais rialála sábháilteachta.

Déantar na Coimisinéirí loncain a thomhas ag luach cóir na comaoine a fhaightear nó atá infhaighte agus is ionann é agus an méid infhaighte le haghaidh seirbhísí a sholáthraítear. I gcás ina gcuirtear siar an chomaoin is infhaighte in airgead nó i gcoibhéisí airgid, agus gur idirbheart maoinithe atá sa chomhshocraíocht, déantar luach cóir na comaoine a thomhas mar luach reatha na bhfáltais go léir sa todhchaí ag baint úsáide as an ráta measta úis.

#### Ioncam ó gníomhaíochtaí faoi bhealaigh agus críochfoirt

Is gníomhaíochtaí iad soláthar seirbhísí aerbhealaigh agus críochfoirt atá rialaithe go heacnamaíoch agus atá tacaithe ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 an 11 Feabhra 2019 ón gCoimisiún lena leagtar síos scéim um fheidhmíocht agus um mhuirearú san Aerspás Eorpach aonair agus ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 an 3 Samhain 2020 ón gCoimisiún maidir le bearta eisceachtúla don tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim aonair um fheidhmíocht agus um mhuirearú aerispáis na hEorpa mar gheall ar phaindéim COVID-19. Mar a thuairiscítear thuas, tá an IAA i dteideal a chostais incháilithe cheadaithe rialála a aisghabháil trí mhuirir ar úsáideoirí an aerbhealaigh agus an aerispáis críochfoirt. Don tréimhse 2020-2024, leagtar amach na costais incháilithe seo i bPlean Feidhmíochta an Stáit do Thréimhse Thagartha 3 (RP3) 2020-2024, faofa i mBealtaine 2022. Déantar foráil do dhifriochtaí a eascraíonn idir ioncam iarbhair agus ioncam ionchais, mar a shainmhínítear sna rialacháin bhunúsacha, i gcuntas ioncain fabhráithe/iarchurtha agus déantar iad a choigeartú in aghaidh ioncam a eascraíonn as gníomhaíochtaí bealach agus críochfoirt. Déantar ioncam fabhráithe/iarchurtha a aisghabháil/a aisíoc trí choigeartú ar mhuirir chustaiméirí sna blianta amach anseo, ar bhonn 'n+2' de ghnáth. Mar fhreagairt ar COVID-19, ní dhéanfar ioncam fabhráithe/iarchurtha do 2020 agus 2021 a aisghabháil ach amháin ó úsáideoirí an aerispáis trí choigeartú ar mhuirir chustaiméirí, arna leathadh go cothrom, thar sheacht mbliana, 2023-2029.

#### Ioncam iarchurtha

Is ar bhonn líne díri thar thréimhse dhá mhí dhéag a aithníonn an IAA ioncam le haghaidh deimhniú aeracmhainneachta, rud a ghearrtar gach bliain ar aerárthaí atá lonnaithe san AE ar aon dul lena oibleagáidí faireacháin agus feidhmíochta.

## 1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### 1.4 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhneas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide cailteanais dímhneas charntha agus bearnaithe charntha. Is ar bhonn líne dírí thar a saol ionchais úsáideach a ríomhtar dímhneas chun an costas a bhaineann le gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh a ceannaíodh mar chuid de shuiteáil. Ríomhtar é de réir seo a leanas:

Foirgnimh	20-30 bliain
Suiteálacha críochnaithe agus obair eile	8-12 bliain
Trealamh oifige	3-5 bliain

Dímheastar sócmhainní ón dáta ar a gcuirtear iad i mbun oibre. Déantar sócmhainní i mbun tógála/suiteálacha idir lámha a iompar ag a gcostas stairiúil agus ní dhímheastar iad go dtí go gcuirfead iad i mbun oibre. Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha shócmhainní seasta inláimhsithe an IAA ag gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann.

### 1.5 Sócmhainní seasta airgeadais

Is ionann comhlach agus eintiteas ar a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa, ach gan aon smacht a bheith aige ar bheartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis. Sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, thugtar cuntas ar infheistíochtaí i gcomhlaigh le modh an chothromais. Faoi mhodh chuntasaíochta an chothromais, is i gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa a aithnítear scair an Ghrúpa de bhrabús nó cailteanais na gcomhlach tar éis fáiltas. Áirítear leas an Ghrúpa i nglansócmhainní na gcomhlach mar infheistíochtaí i gcomhlaigh ar chlár comhardaithe an Ghrúpa ar mhéid a dhéanann ionadaíocht ar scair an Ghrúpa de luach cóir na glansócmhainní aitheanta chomh maith le sciar an Ghrúpa maidir le brabús agus cailteanais choinnithe tar éis fáiltas a thagann as infheistíocht an Ghrúpa.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, iompraítear infheistíochtaí i gcomhlaigh ag costas lúide bearnú ar bith atá ann i luach infheistíochtaí aonair.

Aithnítear sócmhainní seasta airgeadais eile i dtús ag praghas an idirbhirt. Tomhaistear an infheistíocht ag luach cóir ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear athruithe i luach cóir sa chuntas brabúis agus cailteanais, ach amháin i gcás nach féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa, agus sa chás sin baintear leas as an gcostas.

### 1.6 Sócmhainní léasaithe

Gearrtar costas ar chíosanna léasa oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

### 1.7 Airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmníodh in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe chuig an airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Is sa bhrabús don bhliain a dhéileáiltear leis an mbrabús agus na cailteanais a leanann astu.

Aistrítear na hidirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm don bhliain i gcás go bhfuil an ráta seo comhionann nó geall le bheith comhionann leis na rátaí malairte eachtracha atá i bhfeidhm ag dáta na n-idirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais go Euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Aithnítear difríochtaí i ráta malairte a eascraíonn as ath-aistriú in ioncam cuimsitheach.

### 1.8 Deontais Rialtais

Aithníonn an Grúpa deontais Rialtais de réir an leagan fabhráithe faoi FRS 102. Aithnítear deontais loncain i dtaca le caiteachais sa chuntas brabúis agus cailteanais ag an am chéanna a tabhófar an caiteachas gaolmhar a bhfuil sé i gceist go gcúiteoidh an deontas.

### 1.9 Cánachas

Déantar soláthar do cháin chorparáideach ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí reatha. Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a tháinig chun cinn, agus nár aisiompáidh iad, ag an dáta tuairiscithe. Déantar soláthar ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabús inchánaithe an IAA agus a thorthaí, mar atá luaite sna ráitis airgeadais, a éiríonn ó ghnóthachain agus ó chailteanais a chur ar áireamh i mbrabús inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.



## 1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### 1.9 Cánachas (ar lean)

Meastar go bhfuil cánach inghnóthaithe agus dá bhrí sin aithnítear é amháin, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dócha é go mbeidh brabús oiriúnach inchánach ann agus as sin go mbeifear in ann aisiompú difríochtaí bunúsacha uainiúcháin amach anseo a asbhaint.

### 1.10 Sochair fostaithe

Cuireann an IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi chúig scéim aoisliúntais. Tá trí cinn de na scéimeanna sin ina scéimeanna sochair shainithe, is iad sin: “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996” – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Aibreán 2008; “Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008” – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta idir an 1 Aibreán 2008 agus an 31 Nollaig 2011; “Plean Hibrideach Pinsean Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012” do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh. I gcás na scéimeanna sin, is mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe a thuairiscítear an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanas na scéimeanna arna meas ag achtúire, a ríomhtar trí mhodh creidmheasa aonaid réamh-mheasta a úsáide.

Is é an tsuim a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus cailteanais ná iomlán na nithe seo a leanas:

- iomlán chostas na sochar pinsin a chinntear go hachtúireach a ghealltar d'fhostaithe as seirbhís i rith na bliana móide aon fheabhsuithe sochair a bhronntar do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse reatha/roimhe), agus
- iomlán na táille breise ar chostais oibríocháin, áit a ríomhtar an difríocht idir an táille phinsin a chinntear go hachtúireach (costas seirbhíse reatha/roimhe) atá ar áireamh thuas agus na híocaíochtaí iomlána airgid thirim leis an gciste pinsin sa bhliain, agus
- an glan-ús ar an nglandliteanas sochair shainithe a chuimsíonn an costas úis ar an oibleagáid sochair shainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

Is mar ghnóthachain agus chaillteanais atomhais sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile (“OCI”) a aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus ar an toradh a baineadh amach iarbhir agus aon athruithe ar dhliteanais mar thoradh ar athruithe ar thiomhdí, nó toisc go raibh an taithí i rith na bliana éagsúil leis an taithí mheasta. Áirítear leis an OCI fritháireamh arb ionann é agus an táille phinsin bhreise, atá tuairiscithe i mír (b), a mheastar a bheith aisghafa faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar atá tuairiscithe ar leathanach 47.

Mar sin, imíonn an IAA ó cheanglais FRS 102 i dtreo is go gcloífidh na torthaí le ceanglais na gcomhaontuithe faoina rialáitear a chuid oibríochtaí agus, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe sin, go dtabharfar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais. Is é tionchar an imeachta sin ná an costas pinsin a mhéadú faoi €2,439,000 (2021: €2,158,000) os cionn na gcostas seirbhíse arna gcinneadh go hachtúireach d'aisghabháil faoin meicníocht gearradh táillí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus chun creidmheas fritháirimh san OCI a thairgeadh, rud a choinníonn cúlchistí brabúis agus cailteanas agus sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gcomhréir le ceanglais FRS 102. Sa chás gur mó sócmhainní scéime ná a hoibleagáid, aithnítear sócmhainn a mhéid nach sáraíonn sí luach láithreach laethanta saoire ranníocaíochta nó aisiocaíochtaí ranníocaíochtaí sa todhcháí (an uasteorainn sócmhainne). I gcás scéimeanna an Ghrúpa, ní chuirtear uasteorainn na sócmhainní i bhfeidhm mar, in imthosca sonraithe áirithe, amhail foirceannadh ag deireadh shaolré na scéime, tá an Grúpa ag súil go mbeidh sé in ann aon bharrachas a aisghabháil. Ar an gcaoi chéanna, ní aithnítear dliteanas maidir le híosriachtanais mhaoinithe amach anseo. Níl ceart substainteach ag na hiontaobhaithe ar shochair mhéadaithe, ná níl an ceart acu an plean a fhoirceannadh ach amháin i gcás dhíscaoileadh an eintitis nó fhoirceannadh ranníocaíochtaí ag an nGrúpa. Mar sin féin, tá dúshlán ann don ionchas gearrthéarmach lena n-áirítear ceanteidil mhaicreacnamaíocha i bhfoirm boilscithe ard agus praghsanna breosla níos airde chomh maith le rioscáil geopholaitiúla.

### 1.11 Bun-ionstraimí airgeadais

Aithnítear sócmhainní bunúsacha airgeadais, lena n-áirítear infháltais trádála, ioncam fabhráithe, infháltais eile agus iarmhéideanna airgid agus bainc, ag praghas idirbhirt ar dtús, ach amháin más idirbheart maoinithe é an socrú, nuair a thomhaistear an t-idirbheart ag luach reatha na bhfáltais sa todhcháí arna lascainiú ag ráta úis margaidh agus arna aithint i gcoinne ioncaim. Ina dhiaidh sin iompraítear sócmhainní den sórt sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach agus aithnítear iad mar ioncam úis.

## 1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### 1.11 Bun-ionstraimí airgeadais (ar lean)

#### Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile

Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha. Tar éis aithint tosaigh, tomhaistear iad ag costas amúchta ach úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh, lúide aon chailteanais bhearnaithe i gcás féichiúnaithe trádála.

#### Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha

Is é is airgead tirim ann ná airgead tirim atá coimeádta ag an mbanc agus atá le fáil ar éileamh. Is éard atá i gcoibhéisí airgid thirim ná infheistíochtaí an-leachtach (seachas airgead tirim) is féidir a thiontú go réidh go suimeanna aitheanta airgid thirim. Is gnách a bhíonn taiscí airgid thirim a mhaireann idir lá amháin agus trí mhí i gceist iontu. Is ionann taiscí gearrthéarmacha agus taiscí airgid thirim a mhaireann idir trí mhí agus bliain amháin. Tairfeadair airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha ag luach cóir i dtús agus luaitear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta. Déantar iad a chatagóiriú mar iasachtaí agus nithe infhaighte.

## 2 Láimhdeachas

	2022	2021
	€'000	€'000
<i>Gníomhaíocht</i>		
Faoi bhealach	<b>129,774</b>	104,670
Críochfort	<b>28,886</b>	19,814
Seirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh	<b>20,571</b>	11,834
Rialachán sábháilteachta	<b>22,560</b>	21,119
Aerthrácht dhíolmhaithe	<b>1,265</b>	1,070
Tráchtáil agus eile	<b>4,461</b>	3,749
	<b>207,517</b>	162,256

Tagann láimhdeachas an IAA go príomha ó sheirbhísí a bhaineann le heitlíocht agus ó fheidhmeanna reachtúla a chomhlíontar i bPoblacht na hÉireann.

## 3 Líon agus costais foirne

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an IAA le linn na bliana, stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, agus é anailísithe de réir catagóire:

	2022	2021
	Líon	Líon
Rialtóir aerthráchta	<b>291</b>	294
Innealtóirí	<b>86</b>	81
Oifigigh raidió	<b>49</b>	48
Oibriúcháin eile	<b>105</b>	105
Rialachán sábháilteachta	<b>132</b>	124
Seirbhísí corparáideacha	<b>64</b>	62
<b>Líon iomlán fostaithe</b>	<b>727</b>	714

## Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais (ar lean)

### 3 Líon agus costais foirne (ar lean)

Ba mar seo a leanas a bhí costais phárola chomhiomlána na ndaoine sin, agus curtha san áireamh sa chuntas brabúis agus cailteanais:

	<b>2022</b>	2021
	<b>€'000</b>	€'000
Tuarastal agus pá	<b>76,002</b>	63,391
Costais leasa shóisialaigh	<b>6,939</b>	5,740
Costais chúitimh eile†	-	1,392
Costais phinsin – costas seirbhíse reatha (nóta 20)	<b>14,545</b>	14,197
Costais phinsin – ranníocaíochtaí sainithe (nóta 20)	<b>392</b>	243
Costais phinsin – costas breise airgid thirim (nóta 20)	<b>2,439</b>	2,158
Costais eile iarfhostaíochta (nóta 20)	<b>291</b>	293
	<b>100,608</b>	87,414

† I 2021, mar fhreagra ar thionchar COVID-19 ar ghnó an IAA, cuireadh bearta deonacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar bharrachas foirne oibríochta a d'eascair as an laghdú suntasach ar mhéideanna aerthráchta. Chosainn the beartas seo €1.4 milliún.

I 2021, bhain an Chuideachta leas as Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta an Rialtais (EWSS). B'ionann an méid a fabhraíodh agus €5.4 milliún a aithníodh mar Ioncam Eile sa chuntas brabúis agus cailteanais. Rinne an Chuideachta a leas sa Scéim a dhílárú le héifeacht ón 24 Nollaig 2021.

Is féidir anailísí breise a dhéanamh ar thuarastal agus pá mar seo a leanas:

	<b>2022</b>	2021
	<b>€'000</b>	€'000
Bunphá	<b>60,849</b>	52,233
Ragobair	<b>3,511</b>	1,328
Liúntais agus íocaíochtaí eile	<b>11,642</b>	9,830
	<b>76,002</b>	63,391

Déantar líon na bhfostaithe a n-íocadh os cionn €50,000 dóibh a rangú sna bannaí seo a leanas:

	<b>2022</b>	2021
	<b>Líon</b>	Líon
€50,000 - €75,000	<b>106</b>	184
€75,001 - €100,000	<b>118</b>	144
€100,001 - €125,000	<b>153</b>	249
€125,001 - €150,000	<b>186</b>	42
€150,001 - €175,000	<b>53</b>	9
€175,001 - €200,000	<b>14</b>	2
€200,001 - €225,000	<b>3</b>	-
€225,001 - €250,000	<b>1</b>	-

Mar fhreagairt ar COVID-19, cuireadh gearradh pá bandáilte i bhfeidhm, ar bhonn uile-Cuideachta, go luath in 2021. Tugadh pá ar ais an 26 Samhain 2021. Cuimsíonn pá fostaithe pá ragoibre €3.5 milliún (2021: €1.3 milliún).

#### 4 Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil

	2022	2021
	€'000	€'000
Ioncaim úis ó shócmhainní airgeadais	9,305	7,143
Ioncam díbhinne ó shócmhainní airgeadais eile	-	1,242
Ús bainc	235	-
Ús eile	386	52
Gnóchain mhalairte eachtracha	617	787
	<b>10,543</b>	<b>9,224</b>

#### 5 Ús iníoctha agus táillí comhchosúla

	2022	2021
	€'000	€'000
Costais úis ar dhliteanais sochair shainithe	10,065	8,359
Athluacháil shócmhainní airgeadais (nóta 9)	3,647	1,326
Ús bainc	466	816
Táillí saoráide iasachta bainc	224	101
	<b>14,402</b>	<b>10,602</b>

#### 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

Tá brábús na bliana airgeadais curtha in iúl tar éis a leanas a ghearradh:

	2022	2021
	€'000	€'000
Dímheas (nóta 8)	12,226	10,673
Táille Met Éireann	8,205	9,371
Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - foirgnimh	4,165	4,322
Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin - eile	84	90
Cailteanas bearnúcháin ar shocmhainne seasta inláimhsithe (nóta 8)	4,702	-
<b>Luach saothair an iniúcháir – grúpa</b>		
– iniúchadh	96	85
– dearbhú eile	56	56
– seirbhísí cánach		
– comhlíonadh	31	29
– seirbhísí comhairleacha	190	19
<b>Cothromas Luach saothair an iniúcháir - grúpa</b>	<b>373</b>	<b>189</b>
<b>Luach saothair an iniúcháir - cuideachta (curtha san áireamh thuas)</b>		
– iniúchadh	96	85
– dearbhú eile	56	56
– seirbhísí cánach		
– comhlíonadh	7	8
– seirbhísí comhairleacha	190	18
<b>Cothromas Luach saothair an iniúcháir - cuideachta</b>	<b>349</b>	<b>167</b>

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile (ar lean)

	2022 €	2021 €
<b>Luach saothair na stiúrthóirí</b>		
<i>Táillí iníoctha do stiúrthóirí</i>		
Rose Hynes, Usual ( <i>Cathaoirleach</i> ) ( <i>ceaptha 12 Eanáir 2021</i> )	21,600	20,500
An tUasal Cian Blackwell	12,600	12,600
Marie Bradley, Usal ( <i>chuaigh ar scor 24 Meitheamh 2022</i> )	6,300	12,600
An tUasal Ernie Donnelly†	-	-
An tUasal Declan Fitzpatrick† ( <i>ceaptha 19 Deireadh Fómhair 2022</i> )	-	-
An tUasal Peter Kearney ( <i>Príomhfheidhmeannach</i> )	-	-
An tUasal Gerry Lumsden	12,600	12,600
Joan McGrath, Usal	12,600	12,600
An tUasal Diarmuid Ó Conghaile† ( <i>d'éirigh as 31 Deireadh Fómhair 2022</i> )	-	-
Eimer O'Rourke, Usal	12,600	12,600
	<b>78,300</b>	83,500

† Ní bhfuair an tUasal Donnelly, an tUasal Fitzpatrick nó an tUasal Ó Conghaile táille stiúrthóra agus íocadh mar fhostóir de chuid an IAA iad.

Go comhiomlán, íocadh costais €2,587 ar an iomlán le linn 2022 (2021: €1,729) do stiúrthóirí nó thar ceann, stiúrthóirí i leith seirbhísí ina gcáil mar stiúrthóir. Bhain na costais seo le taisteal agus cothabháil go príomha.

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Luachanna saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le conradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh</b>		
Tuarastal bunúsach bliantúil	225	205
Sochair inchánaithe eile	14	14
Ranníocaíocht pinsin	81	73
	<b>320</b>	292

Ceapadh Peter Kearney ina Phríomhfheidhmeannach ar an 6 Meitheamh 2018. De bhun a chonartha mar Phríomhfheidhmeannach, is ionann tuarastal Peter Kearney agus €225,000 sa bhliain. I 2021, mar fhreagairt ar COVID-19, laghdaíodh a phá tar éis an tabhairt isteach, ar fud na Cuideachta, gearradh pá bandáilte. Athchóiríodh a phá, chomh maith le gach fostaí eile, an 26 Samhain 2021. Is ball de scéim aoisliúntais le sochar sainithe é, "Scéim Aoisliúntais Foireann an IAA 1996" mar aon le baill foirne eile. Tháinig téarma oifige Peter Kearney chun deiridh agus atchcheapadh é don bhord ar an 25 Meitheamh 2022. Ní bhfuair sé táille stiúrthóra.

## 7 Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Anailís ar an muirear cánach sa tréimhse</b>		
<i>Cáin reatha</i>		
Cáin chorparáideach	4,242	1,662
Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe	52	(56)
	<b>4,294</b>	1,606
<i>Cáin iarchurtha</i>		
Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe	(2,110)	230
Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe	-	10
	<b>(2,110)</b>	240
<b>Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí</b>	<b>2,184</b>	1,846



## 7 Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí (ar lean)

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Iomlán an réitigh chánach i gcás brabúis agus cailiteanais</b>		
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chán	11,966	11,379
Cáin reatha ionchais ag 12.5% (2021: 12.5%)	1,496	1,422
<i>Tionchar na nithe seo a leanas:</i>		
Difríochtaí buana	983	414
Costais nach féidir a bhaint chun críocha cánach	1,236	54
Ioncam nach féidir cáin a ghearradh air ag an ráta caighdeánach	228	57
Cáin chorpáraide i leith blianta roimhe	53	(56)
Cáin iarchurtha i leith blianta roimhe	-	10
Tionchar na cánach eachtraigh	(1,812)	(55)
<b>Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí</b>	<b>2,184</b>	<b>1,846</b>

## 8 Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Foirgnimh €'000	Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile €'000	Suiteálacha atá fós ar siúl €'000	Trealamh Oifige €'000	Iomlán €'000
<b>Grúpa agus Cuideachta</b>					
<i>Costas</i>					
Ag tús na bliana	71,603	171,326	35,840	13,458	292,227
Breisíochtaí sa bhliain	-	-	9,936	401	10,337
Nithe a cuireadh in úsáid sa bhliain	129	15,508	(15,637)	-	-
Bearnúchán	-	-	(4,702)	-	(4,702)
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	(464)	(464)
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>71,732</b>	<b>186,834</b>	<b>25,437</b>	<b>13,395</b>	<b>297,398</b>
<b>Dímheas carntha</b>					
Ag tús na bliana	26,858	140,124	-	12,635	179,617
Muirear sa bhliain	2,691	8,937	-	598	12,226
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	(464)	(464)
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>29,549</b>	<b>149,061</b>	<b>-</b>	<b>12,769</b>	<b>191,379</b>
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>42,183</b>	<b>37,773</b>	<b>25,437</b>	<b>626</b>	<b>106,019</b>
Amhail an 31 Nollaig 2021	44,745	31,202	35,840	823	112,610

Aithníodh cailiteanas bearnúcháin €4,702,000 (2021: €Nialas) i gcostais oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailiteanais tar éis athbhreithniú inmheánach a cuireadh i gcrích i rith na bliana. Dheimhnigh an t-athbhreithniú seo, go príomha mar gheall ar athrú ar phróisis oibríochta agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, nach bhfuiltear ag súil go mbeidh sócmhainní i suiteálacha atá ar siúl inmharthana.

## 9 Sócmhainní seasta airgeadais

	Ús i gcomhlach €'000	Sócmhainní airgeadais eile €'000	lomlán €'000
<b>Grúpa</b>			
Amhail an 1 Eanáir 2021	3,982	23,949	27,931
Sciar brabúis an chomhlaigh	332	-	332
Gluaiseachtaí malairte eachtrannaigh	-	1,940	1,940
Athrú i luach sócmhainn airgeadais	-	(1,326)	(1,326)
Amhail an 31 Nollaig 2021	4,314	24,563	28,877
Sciar brabúis an chomhlaigh	701	-	701
Gluaiseachtaí malairte eachtrannaigh	-	1,566	1,566
Athrú i luach sócmhainn airgeadais	-	(3,647)	(3,647)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>5,015</b>	<b>22,482</b>	<b>27,497</b>

	Ús i gcomhlach €'000	Sócmhainní airgeadais eile €'000	lomlán €'000
<b>Cuideachta</b>			
Amhail an 1 Eanáir 2021	1,384	13,834	15,218
Athrú i luach sócmhainn airgeadais	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2021	1,384	13,834	15,218
Athrú i luach sócmhainn airgeadais	-	(3,223)	(3,223)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>1,384</b>	<b>10,611</b>	<b>11,995</b>

Tá leas 33 $\frac{1}{3}$ % ag an IAA in Entry Point North AB, Hyllie Vattenparksgata 11A, 215 32, Malmö, an tSualainn, soláthraí réitigh oiliúna bainistíochta aerthráchta.

Tá leas tosaíochta 4.130% (2021: 4.389%) ag an nGrúpa in Aireon Holdings LLC. Caolaíodh scairsheilbh an Ghrúpai mí an Mheithimh 2022 tar éis leasanna tosaíochta nua in Aireon a eisiúint chuig Iridiam le haghaidh infheistíochta US\$50 milliún. Solatharaíonn Aireon ábaltachta faireachais satailítbhunaithe domhanda dosholáthróirí sheirbhísí aerthráchta trí ghlacadóirí Automatic Dependent Surveillance-Broadcast (ADS-B) ar an bhíon satailít Iridiam NEXT. Tá cúig infheisteoirí eile i Aireon, is iad sin Iridium, NAV CANADA (Ceanada), ENAV (an Iodáil), NATS (an Ríocht Aontaithe) agus Naviair (an Danmhairg). Foráiltear leis an ús tosaíochta do dhíbhinn chernach bhliantúil 5% arna ríomh ó dháta na ranníocaíochtaí caipitil tosaigh. I gcomhréir leis na comhaontuithe lena rialaítear an infheistíocht, déanfar leas tosaíochta an Ghrúpa a chomhshó ina leas coiteann 4.968% faoi Eanáir 2024 a chomhshó ina leas coiteann 4.968% faoi Eanáir 2024 nó go mbeidh sé infhuascailte ar shlí eile i gcomhair airgid thirim i dtrí thráthchuid bhliantúla a thosóidh i mí Eanáir 2024. Áireofar leis na híocaíochtaí airgid aon díbhinní tosaíochta atá amuigh.

Tá an infheistíocht ag IAA North Atlantic Inc, 108 West 13th Street, Wilmington, New Castle County, 19801, Delaware, SAM, fochuideachta faoi úinéireacht 100% de chuid IAA.

Tuairiscítear go bhfuil infheistíocht an Ghrúpa ag luach cóir. Úsáideadh samhail sreabhaidh airgid lascainithe a chuireann luach reatha na n-íocaíochtaí díbhinne ionchais sa todhchaí ó Aireon san áireamh, arna lascainiú ag baint úsáide as ráta lascaine riosca-choigeartaithe, chun luach cóir na hinfeistíochta a chinneadh. Tá an Grúpa tar éis an infheistíocht a laghdú go US\$24.0 milliún (2021: US\$27.8 milliún) mar thoradh ar neamhchinnteachtaí a eascraíonn as uainiú agus méid sreabhaidh airgid agus íocaíochtaí díbhinne ionchais amach anseo. Aithníodh an coigeartú ar luach cóir US\$3.8 milliún (€3.6 milliún) (2021: US\$1.6 milliún (€1.3 milliún)) sa chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanas.

## 9 Sócmhainní seasta airgeadais (ar lean)

Níl aon cheann de scaireanna an fhoghnóthais thuas liostaithe. Chinn an bhainistíocht, ag féachaint d'athluacháil infheistíocht an Ghrúpa in Aireon, go bhfuil luach infheistíocht na Cuideachta ina foghnóthas lagaithe de €3.2 milliún (2021: €Nialas) go €10.6 milliún (2021: €13.8 milliún). dtuairim na stiúthóirí, baineann luach atá ar a laghad comhionann leis na méideanna atá luaite ar an gclár comhardaithe leis na scaireanna i bhfochuideachta na Cuideachta, agus na hiasachtaí chuici.

## 10 Féichiúnaithe

	Grúpa		Cuideachta	
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
Féichiúnaithe trádála, glan	29,979	25,131	29,979	25,131
Réamhíocaíochtaí	5,006	3,094	5,006	3,094
Ioncam fabhraithe	101,648	89,884	101,648	89,884
Féichiúnaithe eile	382	8,916	382	339
Cáin chorparáideach	140	1,417	183	1,417
Cáin breisluacha	333	192	333	192
Cáin eile	27	-	27	-
Dlíteanas cánach iarchurtha (nóta 15)	4,076	13,620	4,076	13,620
Dlíte ón ngnóthas fochuideachta	-	-	12,107	10,224
	<b>141,591</b>	142,254	<b>153,741</b>	143,901
Dlíte laistigh de bhliain amháin	49,107	30,269	61,257	40,494
Dlíte tar éis níos mó ná bliain amháin	92,484	111,985	92,484	103,407
	<b>141,591</b>	142,254	<b>153,741</b>	143,901

San áireamh i bhféichiúnaithe trádála tá méideanna atá thar téarma €17,525,000 (2021: €14,229,000) a bhfuil €4,782,000 (2021: €3,846,000) díobh curtha ar fáil laistigh de fhorálacha drochfhiachais.

San áireamh i bhféichiúnaithe tá ioncam fabhraithe €91,872,000 (2021: €89,200,000) sa Ghrúpa agus sa Chuideachta, inghnóthaithe thar 7 mbliana, 2023 go 2029. Tomhaistear an t-iarhmhéid seo ag luach reatha na bhfáltais todhcháí arna lascainiú ag ráta an mhargaidh úis.

San áireamh i bhféichiúnaithe eile de €382,000 (2021: €8,916,000) sa Ghrúpa tá soláthar €9,227,000 (2021: €Nialas), a áirítear i gcostais oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailteanas, a eascraíonn as neamhchinnteacht uainiú agus in-aisghabhálacht íocaíochtaí díbhinne sa todhcháí atá dlite ó infheistíochtaí.

Tá méideanna dlite ag gnóthas fochuideachta faoi réir úis, níl siad urraithe agus iníoctha ar éileamh.

## 11 Airgead agus Coibhéise Airgid agus Taiscí Bainc Gearrthéarmacha

Grúpa	At 1 Eanáir €'000	Sreabhaidh airgid €'000	Tionchar Airgeadra Eachtrach €'000	Úsáid taiscí €'000	At 31 Nollaig €'000
Airgead agus Coibhéise Airgid	116,669	10,326	14	(13,960)	<b>113,049</b>
Taiscí Bainc Gearrthéarmacha	16,879	-	-	13,960	<b>30,839</b>
	133,548	10,326	14	-	<b>143,888</b>

Thiomáin an IAA saoráidí iasachta bainc a chuir i bhfeidhm ar fiú €60 milliún iad. Tá na saoráidí neamhurraithe le téarmaí suas le cúig bliana ó lúil 2021. Bhí na saoráidí gan tarraingt an 31 Nollaig 2022.

Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais (ar lean)

## 12 Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	Grúpa		Cuideachta	
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
Creidiúnaithe trádála	3,783	2,797	3,783	2,797
Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus leasa sóisialach (nóta 13)	2,849	2,294	2,849	2,294
Fabhruithe	18,168	18,254	18,146	18,234
Ioncam Iarchurtha	22,003	16,097	22,003	16,097
	<b>46,803</b>	<b>39,442</b>	<b>46,781</b>	<b>39,422</b>

## 13 Cáin agus leas sóisialach curtha san áireamh i gcreidiúnaithe

	Grúpa		Cuideachta	
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
ÍMAT	2,672	2,233	2,672	2,233
Cáin chonarthaí lomchuí	-	12	-	12
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	72	49	72	49
Dlíteanas cánach iarchurtha	105	-	105	-
	<b>2,849</b>	<b>2,294</b>	<b>2,849</b>	<b>2,294</b>

## 14 Creidiúnaithe: méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin

	Grúpa		Cuideachta	
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam Iarchurtha	36,367	42,712	36,367	42,712
Dlíteanas cánach iarchurtha (nóta 15)	9,613	7,938	9,613	5,593
	<b>45,980</b>	<b>50,650</b>	<b>45,980</b>	<b>48,305</b>

## 15 (Dlíteanas)/Sócmhainn cánach iarchurtha

	Tag	Grúpa		Cuideachta	
		2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
(Dlíteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha – seachas é a bhaineann le sochair fostaithe	(i)	(105)	(2,248)	(105)	97
(Dlíteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha – a bhaineann le sochair fostaithe (neamhreacha)	(ii)	(5,537)	7,930	(5,537)	7,930
Sócmhainn cánach iarchurtha – foirgnimh (neamhreacha)		4,076	5,593	4,076	5,593
Dlíteanas cánach iarchurtha – foirgnimh (neamhreacha)		(4,076)	(5,593)	(4,076)	(5,593)
<b>(Dlíteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha, glan</b>		<b>(5,642)</b>	<b>5,682</b>	<b>(5,642)</b>	<b>8,027</b>

## 15 (Dliteanas)/Sócmhainn cánach iarchurtha (ar lean)

### (i) Cáin iarchurtha – seachas í a bhaineann le sochair fostaithe

	Grúpa		Cuideachta	
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
Ag tús na bliana	(2,248)	(1,945)	97	236
Curtha leis an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7)	2,320	(122)	(202)	(139)
Tionchar na cánach eachtraigh	(177)	(181)	-	-
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>(105)</b>	<b>(2,248)</b>	<b>(105)</b>	<b>97</b>

Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha ag deireadh na bliana agus an dliteanas iomlán féideartha a d'eascair ó dhifríochtaí uainthe idir liúntais chaipitil agus dímhéas.

Áirithe sa cháin iarchurtha – seachas cáin iarchurtha a bhaineann le sochair fostaithe – tá €Niallas (2021: €2,345,000) sa Ghrúpa agus €Niallas (2021: €Niallas) sa Chuideachta dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin a bhaineann le hioncam inchánach ar dáta amach anseo.

### (ii) Cáin iarchurtha – a bhaineann le sochair fostaithe

	Grúpa		Cuideachta	
	2022 €'000	2021 €'000	2022 €'000	2021 €'000
Ag tús na bliana	7,930	14,349	7,930	14,349
Athruithe i dtuairimíocht a bhaineann le áiteanna in Ioncam Cuimsitheach Eile	(13,257)	(6,301)	(13,257)	(6,301)
Gearrtha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7)	(210)	(118)	(210)	(118)
<b>Ag deireadh na bliana</b>	<b>(5,537)</b>	<b>7,930</b>	<b>(5,537)</b>	<b>7,930</b>

## 16 Scairchaipiteal glaoite – cothromas

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Grúpa agus Cuideachta</b>		
<b>Údaraithe, leithdháilte, glaoite agus íochta go hiomlán</b>		
17,858,000 gnáthscair ag €1.27 an ceann	22,675	22,675

## 17 Díbhinní cothromais a íocadh

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Grúpa agus Cuideachta</b>		
<b>Dearbhaithe agus íochta le linn na bliana</b>		
Díbhinn deiridh a íocadh: €Niallas an scair (2021: €0.002301 an scair)	-	(41)



## 18 Páirtithe gaolmhara

### Grúpa agus Cuideachta

Cosúil le mórán comhlachtaí eile rialtais, déileálann an IAA le comhlachtaí eile rialtais agus le ranna eile rialtais sa ghnáthchúrsa gnó, amhail Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt, Údarás Aerfort na Sionainne teo., Bord Soláthair an Leictreachais (“BSL”), an Roinn Iompair, an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) agus Met Éireann. Ina theannta sin, sa ghnáthchúrsa gnó, bíonn bearta ar bun ag an IAA le baint Éireannacha ar leith atá faoi úinéireacht iomlán nó faoi pháirt-úinéireacht Stát na hÉireann. Is de réir gnáth-thearmaí tráchtála a dhéantar gach ceann de bhearta an IAA le baint den sórt sin. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe an páirtí rialaithe deiridh.

Sa bhliain 2014, chuaigh an IAA isteach i socrú tráchtála chun seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta a chur ar fáil do Entry Point North Ireland Ltd, ar cuideachta í atá faoi úinéireacht iomlán Entry Point North (EPN) AB, comhlach de chuid an IAA (nóta 9). Chomh maith leis sin, cuireann Entry Point North Ireland Ltd seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta ar fáil don IAA ar neamhthuilleamái. Le linn na bliana, thuill an IAA ioncam €3.4 milliún (2021: €2.7 milliún) agus thabhaigh sé costais €8.0 milliún (2021: €5.5 milliún) in idirbhearta le Entry Point North Ireland DAC. Amhail an 31 Nollaig 2022, ní raibh aon iarmhéid gan íoc idir an IAA agus Entry Point North Ireland DAC (2021: €niallas.)

B’ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra lucht bainistíochta agus €2.1 milliún (2021: €1.6 milliún) a chuimsíonn tuarastail agus sochair eile ghearrthearma fostaithe €1.7 milliún (2021: €1.3 milliún) agus sochair iarfhostaíochta €0.4 milliún (2021: €0.3 milliún). In 2021, mar fhreagairt ar COVID-19, laghdaíodh pá na bpríomhphearsanra bainistíochta tar éis gearradh pá bandáilte a thabhairt isteach ar fud na Cuideachta. Tugadh pá ar ais do gach fostaí an 26 Samhain 2021. Is ionann cúiteamh do phríomhphearsanra lucht bainistíochta agus cúiteamh do na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear leo comhaltaí boird agus feidhmeannaigh shinsearacha.

## 19 Ceangaltais

	2022 €’000	2021 €’000
<b>(i) Ceangaltais Chaipitil</b>		
Caiteachas caipitil amach anseo atá ceadaithe ag na stiúrthóirí		
Caiteachas caipitil nach ndearnadh conradh ina leith	<b>96,667</b>	93,500
Caiteachas caipitil a ndearnadh conradh ina leith	<b>19,709</b>	13,776
	<b>116,376</b>	107,276

### (ii) Ceangaltais léasa oibriúcháin

Is mar seo a leanas atá iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

	2022 Foirgnimh €’000	2022 Mótarfheithiclí €’000	2021 Foirgnimh €’000	2021 Mótarfheithiclí €’000
<b>Grúpa agus Cuideachta</b>				
Iníochta				
Laistigh de bhliain amháin	<b>3,819</b>	<b>68</b>	3,809	78
Idir bliain amháin agus 5 bliana	<b>10,720</b>	<b>119</b>	11,650	47
Níos mó ná 5 bliana	<b>17,592</b>	-	19,985	-
	<b>32,131</b>	<b>187</b>	35,444	125

## 19 Ceangaltais (ar lean)

### (iii) Ceangaltas iasachta shealadach

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Grúpa agus Cuideachta</b>		
<i>Iníochta</i>		
Laistigh de bhliain amháin	656	-
	<b>656</b>	-

I mí na Samhna 2022, cheadaigh Ballstáit EUROCONTROL, lena n-áirítear Éirinn, ciste dlúthpháirtíochta speisialta sealadach a chruthú chun tacaíocht a sholáthar do Stáit a ndeachaigh cogadh na Rúise agus na hÚcráine i bhfeidhm ar a gcórais bainistithe aerthráchta. Is ionann tiomantas na hÉireann don chiste seo agus €787,549, iníochta i sé thráthchuid chomhionanna. Íocadh an chéad thráthchuid de €131,258 i mí na Nollag 2022. Aisíocfaidh na Stáit thairbhiúla na ranníocaíochtaí ó 2025 ar aghaidh.

## 20 Sochair fostaithe

	2022 €'000	2021 €'000
<b>Grúpa agus Cuideachta</b>		
Socmhainn/(dliteanas) pinsin sochair shainithe (féach A thíos)	44,297	(63,438)
Dlíteanas pinsin forlíontach ex-gratia (féach B thíos)	(3,645)	(3,354)
<b>Iomlán oibleagáidí sochair scoir</b>	<b>40,652</b>	<b>(66,792)</b>

Tagann teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe aníos faoi roinnt scéimeanna sochair shainithe, a ndílsítear na sócmhainní díobh in iontaobhaithe neamhspleácha.

Déanann an IAA luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsean sochair shainithe gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luachálacha achtúirí deiridh ná an 1 Eanáir 2021 agus cuimsíonn sé sin gach sochar fabhráithe. Ba iad achtúirí cáilithe neamhspleácha a rinne na luachálacha sin.

Bhí na luachálacha a úsáideadh chun críocha 102 bunaithe ar na luachálacha cistiúcháin is déanaí do na scéimeanna, agus iad coigeartaithe ag na hachtúirí neamhspleácha chun fabhrú dlíteanas a cheadú suas go dtí an 31 Nollaig 2021 agus chun coinníollacha airgeadais ag an dáta sin a chur san áireamh. Cuireadh na luachálacha a úsáideadh do chuspóir FRS 102 i gcrích trí mhodh an aonaid réamh-mheasta a úsáid, agus rinneadh luacháil ar shócmhainní don chuspóir sin de réir luach an mhargaidh.

Níl na tuarascálacha achtúireacha ar fáil le haghaidh imscrúdaithe phoiblí, ach tá siad ar fáil do bhaill na scéimeanna.

Níl aon scéimeanna neamhchistithe ag an IAA seachas dlíteanas forlíontach ex-gratia. Níl aon ranníocaíochtaí gan íoc ná réamhíochta ann ag deireadh na bliana.

### A. Scéimeanna Sochair Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

	2022 €'000	2021 €'000
<b>(i) Méideanna atá aitheanta ar an gclár comhardaithe</b>		
Luach reatha na n-oibleagáidí atá cistithe go hiomlán nó i bpáirt	(483,775)	(725,984)
Luach cóir shócmhainní an phlean	528,072	662,546
<b>Glansócmhainn/(glandlíteanas)</b>	<b>44,297</b>	<b>(63,438)</b>

Tháinig laghdú suntasach ar dhlíteanais phinsin i rith na bliana, go príomha mar gheall ar mhéadú ar rátaí lascaine mar thoradh ar thorthaí bannaí níos airde, arna bhfritháireamh go páirteach ag gluaiseachtaí margaidh foluiteacha sa ráta boilscithe factéarmach. Tháinig laghdú bliain ar bhliain ar na sócmhainní pinsin mar gheall ar thuairisceáin infheistíochta ar na sócmhainní foluiteacha cé gur thit na sócmhainní níos lú ná na dlíteanais. Mar thoradh ar sin, d'iompair an Grúpa glansócmhainn pinsin amháil an 31 Nollaig 2022 dar luach €44.3 milliún (2021: dlíteanas €63.4 milliún) maidir leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe (" na Scéimeanna ").

## 20 Sochair fostaithe (ar lean)

### A. Scéimeanna Sochair Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

Le blianta beaga anuas tá feabhas tagtha ar riocht airgeadais na Scéimeanna ag an nGrúpa agus, amhail an 31 Nollaig 2022, tá na Scéimeanna i riocht glansócmhainne. Tá dliteanais chomhlána na Scéime laghdaithe ó €726.0 milliún in 2021 go €483.8 milliún in 2022 go príomha mar gheall ar an méadú ar an ráta lascaine ó 1.4% go 4.1%. Tá laghdú tagtha ar shócmhainní comhlán na Scéime ó €662.5 milliún in 2021 go €528.1 milliún in 2022. Léiríonn na gluaiseachtaí seo feidhmíocht na margáí bannaí agus cothromais a théann i bhfeidhm ar luach na sócmhainní bunúsacha agus ar ríomh na mbonn tuisceana achtúireacha a bhraitheann ar mhargáí bannaí.

Is é an ráta lascaine an phríomhthairim a spreagann an t-athrú ar dhliteanais chomhlána na Scéime. Dá laghdófaí an ráta lascaine 0.5% go 3.6%, gan tionchar a imirt ar luach na sócmhainní, laghdófaí an glanluach sócmhainní go €7.5 milliún. I bhfianaise fhad na scéime pinsin tá sé tuartha go bhféadfadh gluaiseachtaí ábhartha rátaí lascaine tarlú, rud a chuireann isteach ar ghlan sócmhainn nó staid dliteanais na Scéime.

D'aithin an Grúpa an ghlan sócmhainn amhail an 31 Nollaig 2022 toisc go gcomhlíonann sé na critéir aitheantais chuntasaíochta bunaithe ar rialacha na ngníomhais iontaobhais atá i bhfeidhm.

	2022 Aonad réamh-mheasta	2021 Aonad réamh-mheasta
<b>(ii) Toimhdí achtúireacha</b>		
<i>Meántoimhdí ualaithe chun oibleagáidí sochair a chinneadh</i>		
Ráta lascaine	<b>4.10%</b>	1.40%
Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta†	<b>3.00%</b>	2.50%
Ráta an bhoilscithe praghsanna	<b>2.50%</b>	2.00%
Ráta an mhéadaithe pinsin †	<b>0.00%</b>	0.00%

† Is ionann é seo agus an toimhde fhadtéarmach is infheidhme i leith méaduithe cúitimh ghinearálta. Mar thoradh ar staid easnaimh na Scéimeanna ag an am, chinn an bord nach ndéanófar aon mhéaduithe breise ar phinsin atá iníoctha faoi na Scéimeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2015 agus chuir sé an méid sin in iúl don fhoireann ar fad agus do gach iontaobhaí pinsin.

Mar chuid de thoradh próiseas eadrána ceangailteach neamhspleách, a tugadh i gcrích i mí Feabhra 2023, ar roinnt saincheisteanna pinsin, déanfaidh an Chuideachta athbhreithniú ar a staid reatha maidir le harduithe pinsin a íoc. Ina theannta sin, ag éirí as na rátaí boilscithe arda le déanaí agus as feabhas a chur ar riocht airgeadais na Scéime, tá sé i gceist ag an gCuideachta beartas a fhorbairt a thabharfaidh breac-chuntas ar na coinníollacha atá riachtanach chun tacú le méadú lánroghnach ar phinsin in íocaíocht. Beidh aon mholadh ón gCuideachta maidir le méadú lánroghnach pinsean a chur ar fáil faoi réir fhaomhadh ábhartha ón Aire.

Tá na toimhdí a bhaineann le fad na mbundliteanas pinsin tráth dháta an chláir chomhardaithe bunaithe ar na táblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúirí agus áirítear iontu liúntas le haghaidh feabhsuithe amach anseo ar fhad. Is ionann na toimhdí agus a bheith ag súil go mairfeadh duine atá 65 bliana d'aois roinnt blianta, mar seo a leanas:

	2022	2021
<i>Ionchas saoil do bhall fireann ó 65 bliana d'aois ar thábla mortalaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:</i>		
Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha	<b>24.3</b>	24.1
Baill phinsinéara reatha	<b>22.6</b>	22.5
<i>Ionchas saoil do bhall baineann ó 65 bliana d'aois ar thábla mortalaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:</i>		
Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha	<b>26.1</b>	26.0
Baill phinsinéara reatha	<b>24.3</b>	24.2

Roghnaítear na toimhdí arna n-úsáid ag an achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha. De bharr an scála ama a bhí i gceist, is féidir nár cruthaíodh iad i gcleachtas.

## 20 Sochair fostaithe (ar lean)

### A. Scéimeanna Sochair Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

	2022	2021
	€'000	€'000
<b>(iii) Gluaiseachtaí i luach cóir shócmhainní an phlean</b>		
Luach cóir shócmhainní an phlean i dtús na bliana	662,546	620,355
Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean lúide ioncam úis	(142,908)	37,330
Ioncam úis	9,305	7,143
Ranníocaíochtaí fostóirí	16,985	16,355
Ranníocaíochtaí na mball	3,369	3,529
Sochair a íocadh ón bplean	(21,225)	(22,166)
<b>Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana</b>	<b>528,072</b>	<b>662,546</b>
<b>(iv) Gluaiseachtaí i luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe</b>		
Oibleagáid sochair i dtús na bliana	(725,984)	(735,142)
Costais seirbhíse reatha	(14,545)	(14,197)
Costas úis	(10,065)	(8,359)
Ranníocaíochtaí na mball	(3,369)	(3,529)
Atomhas: gnóthacháin achtúireacha	248,963	13,077
Sochair a íocadh ón bplean	21,225	22,166
<b>Oibleagáidí sochair ag deireadh na bliana</b>	<b>(483,775)</b>	<b>(725,984)</b>
<b>(v) Comhphárteanna de chostais phinsin</b>		
<i>Costas atá aitheanta sa chuntas brabúis agus cailiteanais</i>		
Costas seirbhíse reatha (nóta 3)	(14,545)	(14,197)
Costas breise airgid thirim (nóta 3)	(2,439)	(2,158)
Costais úis ar shócmhainní sochair shainithe (nóta 4)	9,305	7,143
Costais úis ar dhliteanais sochair shainithe (nóta 5)	(10,065)	(8,359)
<b>Costas pinsin iomlán atá aitheanta sa chuntas brabúis agus cailiteanais</b>	<b>(17,744)</b>	<b>(17,571)</b>
<b>Suimeanna atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile</b>		
Gnóthacháin achtúireacha atá aitheanta láithreach	106,055	50,407
Costas breise airgid thirim	2,439	2,158
	<b>108,494</b>	<b>52,565</b>
<b>Iomlán don bhliain</b>	<b>90,750</b>	<b>34,994</b>
<b>Suim charnach na gcaillteanas achtúireach atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile</b>	<b>(139,484)</b>	<b>(245,539)</b>

## 20 Sochair fostaithe (ar lean)

### A. Scéimeanna Sochair Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann (ar lean)

	<b>2022</b> <b>Suim</b> <b>shócmhainní</b> <b>an phlean</b> <b>€'000</b>	2021 Suim shócmhainní an phlean €'000
<b>(vi) Sócmhainní an phlean</b>		
<i>Na leithdháiltí sócmhainní amhail an 31 Nollaig:</i>		
Urrúis chothromais	<b>120,970</b>	148,051
Urrúis bhannaí	<b>331,102</b>	384,285
Eile	<b>76,000</b>	130,210
	<b>528,072</b>	662,546

Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní an phlean ag ráta 4.1% (2021: 1.4%).

	<b>2022</b> <b>€'000</b>	2021 €'000
<i>Toradh iarbhír ar shócmhainní</i>		
Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean	<b>(133,603)</b>	44,473

€'000

### (vii) Toradh iarbhír ar shócmhainní

Ranníocaíochtaí atáthar ag súil le bheith déanta ag an IAA le linn 2023	15,600
---	--------

### B. Dlíteanas pinsin forlíontach ex-gratia

	<b>2022</b> <b>€'000</b>	2021 €'000
Ag tús na bliana	<b>3,354</b>	3,070
Suimeanna atá curtha ar fáil le haghaidh dlíteanas pinsin forlíontach ex-gratia	<b>291</b>	293
Íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana	<b>-</b>	(9)
Méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin	<b>3,645</b>	3,354

Lasmuigh de scéimeanna pinsean an IAA, tá foráil ann d'íocaíochtaí pinsin forlíontacha ex-gratia, suas go dtí 65 bliana d'aois, chun an bhearna a laghdú d'fhostaithe áirithe atá i dteideal dul ar scor idir 60 bliain d'aois agus 65 bliana d'aois agus nach bhfuil i dteideal an pinsean stáit a fháil go dtí go mbainfidh siad aois scoir an stáit amach.

### C. Scéim Pinsean Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

Le linn na bliana, d'fheidhmigh an IAA dhá scéim pinsean ranníocaíochta sainithe dar teideal 'Plean Pinsean Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012' agus 'Scéim Pinsean an Rialtóra Eitlíochta'. Is ionann an táille phinsin don tréimhse agus ranníocaíochtaí a bhí iníochta ag an IAA leis an scéim agus b'ionann an táille sin agus €391,624 (2021: €242,892).



## 21 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta

### Príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin

Éilítear ar an lucht bainistíochta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite a n-ullmhú meastacháin a dhéanamh agus breithiúnais a thabhairt a théann i bhfeidhm ar shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas ag dáta na ráiteas airgeadais agus ar shuimeanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá meastacháin agus breithiúnais bunaithe ar an taithí stairiúil agus ar thosca eile atá réasúnta faoi imthosca reatha. D'fhéadfadh torthaí iarbhir bheith difriúil leis na meastacháin sin dá gcruthófaí na toimhdí sin a bheith mícheart nó dá dtiocfadh cúinsí aníos nach bhfuiltear ag súil leo chun críocha na meastacháin sin. Is éard atá sna nithe seo a leanas ná na réimsí rithábhachtacha nach mór don lucht bainistíochta meastacháin a dhéanamh orthu agus breithiúnais a thabhairt orthu.

### Toimhdí pinsin

Meastachán suntasach i ráitis airgeadais an IAA is ea luacháil na scéimeanna pinsean sochair shainithe. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 20. Is é an toimhde ina bhfuil an neamhchinnteacht meastacháin is mó ná an ráta lascaine. Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na toimhdí a rinne achtúirí gairmiúla neamhspleácha agus luach cóir na scéimeanna pinsean sochair shainithe á mheasúnú agus mheas siad gur toimhdí réasúnta iad na toimhdí sin.

### Infheistíocht luach cóir in Aireon

Tomhaistear infheistíocht an Ghrúpa in Aireon Holdings LLC ag luach cóir le coigeartaithe ar luach cóir taifeadta sa chuntas brabúis agus cailteannais. Tugtar nos mó sonraí i Nóta 9. Úsáideadh modh sreabhadh airgid lascainithe (DCF) le luach cóir an infheistíochta a shocrú. Chuir an modh luachála seo luach láithreach íocaíochtaí díbhinn todhchaí tuartha ó Aireon, lascainithe at úsáid ráta lascainithe coigeartaithe de réir riosca san áireamh.

Ba iad seo a leanas na buntuisicintí criticiúla agus meastacháin a úsáideadh le luach cóir a shocrú:

- Réimse ráta lascainithe de 16.3% agus ráta fás 2%
- Uainiú ceaptha sreafaí airgid díbhinn sa todhchaí, tar éis cánach, atá bunaithe ar phlean oibriúcháin fadthéarmach bainistíocht Aireon (Eanáir 2023).

### Féichiúnaithe eile

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú agus measúnú ar in-aisghabhálacht díbhinní is infhaighte ó infheistíochtaí agus bhain siad de thátaí as nach bhfuil uainiú na hin-aisghabhála cinnte. Cuireadh soláthar €9,227,000 (2021: €Nialas) san áireamh i gcostais oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailteannais.

## 22 Teagmhais iarchláir chomhardaithe


An 4 Aibreán 2023, mhol an Bord go n-íocfaí díbhinn €5.3 milliún (€0.30 in aghaidh na scaire) (2021: €Nialas). Ní raibh aon teagmhais eile le héifeacht acu ar an Chuideachta ó 31 Nollaig 2022 a dteastaíodh go gcoigeartaí, nó go nochtfar, na ráitis airgeadais.

## 23 Ceadú na ráiteas airgeadais


Rinne na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 4 Aibreán 2023.

# Achoimre Cúig Bliana 2018-2022


## Láimhdeachas €'000




## Aerárthaigh Chláraithe




## Brabús Oibríocháin €'000




## Brabús i ndiaidh Cánach €'000




## Aonaid Seirbhíse Faoi Bhealaigh ('000)




## Ráta Aonaid Seirbhíse Faoi Bhealaigh (€)




### Gníomhaíocht Aertrácta




### Aonaid Seirbhíse Críochfoirt



### Ceadúnais Bhailí



### Ráta Aonaid Críochfoirt (€)



---

## Notaí

---







**Údarás Eitlíochta na hÉireann**

Foirgneamh Times, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2, D02 T449

Teil: +353 1 671 8655 Facs: +353 1 679 2934

[www.iaa.ie](http://www.iaa.ie)